Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries Assessment Board*



# Tuarascáil Bhliantúil 2022

# Próiseas Éilimh 5 Chéim
# Ón Iarratas go dtí an Íocaíocht

### Céim 1 An tIarratas

Má tharla timpiste duit agus más maith leat éileamh a chur isteach:

- Comhlánaigh foirm iarratais (Foirm A)
- Cuir isteach do thuairisc leighis (ó do chleachtóir cóireála)
- Íoc an táille iarratais €45 (€90 má tá iarratas a dhéanamh agat tríd an bpost)

### Céim 2 Fógra Foirmiúil

Eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil ar a dtugtar 'Fógra Foirmiúil' don duine a mheasann tú atá freagrach as do thimpiste (Freagróir) agus/nó a árachóir

- Tá 90 lá ag an bhFreagróir chun freagra a thabhairt ag léiriú cibé an mian leo go ndéanfadh PIAB an t-éileamh a mheas nó nach mian
- Más amhlaidh gur mian, íocann an Freagróir táille €1,050 agus fáltais PIAB
- Mura mian, eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil duit ar a dtugtar 'Údarú' a chuireann ar do chumas an t-ábhar a thabhairt chun cúirte más mian leat

### Céim 3 Próiseas Éilimh

Mar chuid den phróiseas seo, ceanglófar ort:

- Freastal ar scrúdú/scrúduithe dochtúra neamhspleácha (más ábhartha)
- Sceideal comhlánaithe Damáistí Speisialta agus Teastas Caillteanais Ioncaim (foirmeacha le haghaidh costais as póca, caillteanas ioncaim srl.)

### Céim 4 Measúnú Éilimh

Nuair a fhaighimid gach faisnéis, féadfaidh PIAB dul ar aghaidh le d'éileamh a mheasúnú. Beidh na méid seo a leanas i gceist leis:

- Measúnú ar d'éileamh bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta
- Eiseoidh PIAB Fógra Dámhachtana duit féin agus don fhreagróir. Beidh deis ag gach páirtí an measúnú a athbhreithniú agus an dámhachtain a ghlacadh nó a dhiúltú. Tá 28 lá ag an Éilitheoir agus tá 21 lá ag an bhFreagróir)

### Céim 5 Íocaíocht nó Údarú

Má ghlacann gach páirtí lenár measúnú:

- Eisíonn PIAB 'Ordú le hÍoc' (a bhfuil an stádas céanna aige le hOrdú Cúirte) don fhreagróir nó dá árachóirí á threorú dóibh an tsuim a dhámhaimid ort a íoc
- Mura nglacann páirtí amháin nó gach páirtí lenár measúnú: Eiseoidh PIAB doiciméad dlíthiúil duit ar a dtugtar 'Údarú' a chuireann ar do chumas an t-ábhar a thabhairt chun cúirte más mian leat

**Nóta:** Leagan simplithe é seo dár bpróiseas. Déantar gach iarratas a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus féadfaidh eisceachtaí a bheith i bhfeidhm. Le haghaidh tuilleadh sonraí ar ár bpróisis, **téigh chuig ár láithreán gréasáin www.piab.ie.**

# Cé sinne

Is é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta na hÉireann a dhéanann measúnú ar éilimh díobhála pearsanta. Bunaíodh PIAB in 2004 chun tacú le réitigh chothroma phrasa oscailte a fháil ar éilimh díobhála pearsanta gan dlíthíocht nach bhfuil gá léi a dhéanamh. Is comhlacht poiblí féin mhaoinithe é PIAB agus tá sé ina dhlúthchuid maidir le hathchóiriú na hearnála árachais agus timpeallacht na ndíobhálacha pearsanta. Gineann PIAB na milliúin euro i gcoigilteas a chaithfí ar éilimh a phróiseáil murach sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais níos airde ar shealbhóirí polasaithe.

# An Méid a Dhéanaimid

**Déanann Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta measúnú neamhspleách ar éilimh ar chúiteamh a éiríonn as díobhálacha pearsanta sna catagóirí seo a leanas:**

- **Dliteanas mótair**
- **Dliteanas fostaithe (timpistí san ionad oibre)**
- **Dliteanas poiblí**
- **Cúiteamh an Gharda Síochána**

Is é an toradh a bhíonn ar ár bpróiseas ná réiteach níos praise, níos comhsheasmhaí agus níos saoire ar éileamh a théann chun tairbhe do na páirtithe go léir agus don tsochaí. Tá ár measúnuithe cúitimh cóir, neamhspleách agus neamhsháraíochta. Bainimid úsáid as na Treoirlínte ceannanna céanna leis na Cúirteanna chun leibhéil chúitimh a ríomh. Is saoire agus is tapúla éileamh a réiteach trí PIAB seachas dlíthíocht de réir taighde a rinne Banc Ceannais na hÉireann.

Bailíonn agus déanann PIAB anailís ar shonraí maidir le héilimh agus dámhachtainí díobhála pearsanta freisin chun cabhrú le cur le trédhearcacht níos fearr san earnáil.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | 5 |
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** | 7 |
| **PIAB d'aon amharc** | 10 |
| **1. Éilimh agus Dámhachtainí** | 13 |
| **Éilimh a bhaineann le tionóiscí marfacha** | 23 |
| **2. Súil Níos Géire** | 26 |
| **Dliteanas Mótar** | 27 |
| **Fostóir** | 29 |
| **Poiblí** | 32 |
| **3. Díobhálacha Pearsanta: Tuilleadh** | 37 |
| **Éileamh a Réiteach** | 41 |
| **4. Ag Seachadadh dár gCustaimeirí** | 45 |
| **5. Conas a Oibrímid** | 49 |
| **6. Rialachas agus Ráitis Airgeadais** | |

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Is mór an pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) a chur i láthair. Léiríonn an tuarascáil an dul chun cinn suntasach agus na hathruithe atá déanta agus ar tógadh orthu le bliain anuas. Ghin obair PIAB €40 milliún go díreach i gcoigilteas a chaithfí murach sin ar éilimh a chur chun cinn tríd an gcóras dlíthíochta. Léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann leis an obair a dhéanaimid, ach freisin an cumas ollmhór atá ag PIAB chun rannchuidiú níos mó, agus is rud é seo ar a bhfuilimid ag obair go dian leis an Aire agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun é a bhaint amach.**

Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán ag PIAB i bhfeidhmiú na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta, agus tá a dtionchar ar leibhéil dámhachtana soiléir sa mhéid is go bhfuil ár meándámhachtain anois €15,857, is é sin laghdú 34% i gcomparáid le réamhthreoracha 2020. Is tráth ríthábhachtach é tabhairt isteach na dTreoirlínte san athchóiriú ar an gcaoi a ndéileálaimid le héilimh díobhálacha pearsanta in Éirinn. Is é cuspóir na dTreoirlínte níos mó comhsheasmhachta agus cinnteachta a thabhairt do leibhéil dámhachtana, mar go mbeidh na Treoirlínte le húsáid ag na Cúirteanna agus ag an PIAB araon. Rinneadh leo freisin athchalabrú ar leibhéil dámhachtana do mhiondíobhálacha chun dámhachtainí in Éirinn a thabhairt ar aon dul le dlínsí eile.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir le hathchóiriú ar réimse na ndíobhálacha pearsanta. Mar sin féin, tá na hathchóirithe sa réimse seo ag brath ar thacaíocht agus ar chur chun feidhme ag na geallsealbhóirí go léir. Ní mór dóibh siúd go léir a bhfuil baint acu le díobhálacha pearsanta tacú le cur i bhfeidhm na dTreoirlínte.

Tabharfaidh na hathruithe a thiocfaidh as na Treoirlínte ord do chóras éileamh mífheidhmiúil, ar córas éileamh díobhála pearsanta é a bhfuil gá lena leasú de réir gach duine. Is deis nach dtarlóidh ach uair amháin i nglúin iad as a dtiocfaidh torthaí cothroma d'éilitheoirí agus préimheanna árachais níos saoire. Tá sé ríthábhachtach go dtapóidh muid, mar shochaí, an deis seo.

Tá PIAB meáite ar ár bpáirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na n-athchóirithe a bhfuil buntáistí sochaíocha suntasacha ag baint leo. Tá sé ríthábhachtach go ndéanann gach duine eile a bpáirt féin freisin.

Ní hamháin go mbaineann luach na dTreoirlínte le luach na ndámhachtainí ach baineann sé le páirtithe gortaithe agus le freagróirí a bheith in ann muinín a bheith acu as an gcóras, ionas go dtéann níos lú cásanna isteach i ndlíthíocht chostasach agus fhada. Leis seo d'fhéadfadh coigilteas córasach ollmhór a bheith ann, mar maidir le gach cás nach dtéann chun dlí, d'fhéadfadh coigilteas €16,000 a bheith ann.

Ag tógáil ar na bearta athchóirithe atá i bhfeidhm cheana féin, forbairt mhór eile do PIAB ba ea an tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta a rith. Is í an reachtaíocht nua seo an t-athrú is suntasaí ar sheirbhísí PIAB ó bunaíodh

> Ghin obair PIAB in 2022 go díreach €40 milliún i gcostais dlíthíochta a seachnaíodh.



muid. Cuireann sé ar ár gcumas ár seirbhísí a fheabhsú agus a leathnú ionas gur féidir linn níos mó a dhéanamh chun tacú le réiteach éileamh. Ciallaíonn na hathruithe go mbeidh seirbhís idirghabhála ag PIAB níos déanaí i mbliana, chun cur lenár seirbhís measúnaithe reatha. Beidh ról níos mó againn freisin i dtaighde agus i gcur chun cinn, agus i gcabhair bhreise a thabhairt don Gharda Síochána ina chuid oibre chun calaois árachais a imscrúdú. Fágann sé sin go léir go bhfuil obair athchóirithe árachais tar éis a fhorbairt go suntasach sna trí bliana seo a chuaigh thart. Is féidir tionchar na n-athchóirithe sin a fheiceáil ar phraghsanna mótarárachais. Mar sin féin, tá fadhbanna ann fós maidir le praghas agus infhaighteacht cumhdaigh sna réimsí dliteanais fostóra agus poiblí, go háirithe i gcás earnálacha áirithe. Maidir leis sin, ba cheart go rannchuideodh éifeachtaí iomlána na dTreoirlínte le himeacht ama, má thugtar lántacaíocht dóibh. Ina theannta sin, beidh seirbhís idirghabhála nua PIAB ina rogha nua thábhachtach le haghaidh réiteach díospóide nuair a d'fhéadfadh saincheisteanna dliteanais a bheith le breithniú i ndáil le dliteanas poiblí agus fostóra.

Tá ról ollmhór ag PIAB maidir le costais a bhaineann le héilimh a réiteach toisc go bhfuil costais dlí trí PIAB i bhfad níos ísle ná dlíthíocht, mar a léiríodh go leanúnach i rith na bliana ag obair Bhanc Ceannais na hÉireann. Leanfaidh PIAB den obair air seo agus leanfaidh sé ar aghaidh de ghníomhú i gcomhpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara go léir agus leis an Rialtas maidir le hathchóiriú a sheachadadh agus a fhorbairt. Cuirfidh dul chun cinn ar an tsaincheist seo ar chumas gnólachtaí, tomhaltóirí, eagraíochtaí spóirt agus eagraíochtaí pobail a bheith rathúil agus ar ár gcumas féin feidhmiú mar shochaí ar bhealach níos fearr. Thar mo cheann féin, agus thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom ómós a thabhairt don Aire Stáit Dara Calleary, T.D. as a chuid oibre ar reachtaíocht an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta agus as an leibhéal ard tacaíochta agus comhoibrithe ó na hoifigigh ina Roinn le linn 2022.

Ba mhaith liom freisin buíochas an Bhoird a chur in iúl as obair an Phríomhfheidhmeannaigh, Rosalind Carroll agus a foireann ceannaireachta agus foireann uile PIAB a lean orthu ag obair chun an eagraíocht a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí uile Bhord PIAB i rith na bliana, as a gcuid oibre agus as a dtiomantas leanúnach.

Dermot Divilly

Cathaoirleach

Bealtaine 2023

> “Is deis nach dtarlóidh ach uair amháin i nglúin na Treoirlínte as a dtiocfaidh torthaí cothroma d'éilitheoirí agus préimheanna árachais níos saoire. Tá sé ríthábhachtach go dtapóidh muid, mar shochaí, an deis seo

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

**Is ionann €141 milliún agus luach iomlán na n-éileamh a dhámh PIAB in 2022. Is méid suntasach é seo agus léiríonn sé an méid éileamh a bhainistíonn PIAB. Mar sin féin, is é an €141 milliún an luach iomlán is ísle d'éilimh a dhámh PIAB le 16 bliana anuas. In 2022 chonacthas laghduithe leanúnacha ar líon na n-éileamh díobhála pearsanta a rinneadh le PIAB. Ag an am céanna chonaiceamar tionchar leanúnach na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta le laghdú ar na meánleibhéil dámhachtana. Is é an tionchar iomlán ná go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar luach foriomlán na n-éileamh agus ba cheart go mbeadh tionchar an-dearfach aige sin ar chostais árachais.**

Rinneadh 18,453 iarratas ar éileamh in 2022, laghdú 14% ar an mbliain roimhe sin agus laghdú 41% ar líon na n-éileamh i gcomparáid le leibhéil 2019 roimh an bpaindéim. Tá go leor den laghdú méide seo fós mar thoradh ar thionchair na paindéime, nuair a bhí níos lú timpistí ann de bharr níos lú gníomhaíochta ar ár mbóithre, agus in ionaid phoiblí agus oibre. Mar sin féin, táimid ag súil go bhféadfadh cuid de na hathruithe a bheith ag teacht le hathruithe níos leithne sa tsochaí agus san ionad oibre agus go bhfuil níos lú éileamh á ndéanamh ar mhiondíobhálacha mar thoradh ar na Treoirlínte. Is suntasach iad na hathruithe ar an méid le blianta beaga anuas, agus is féidir go leor den athrú ar luach na ndámhachtainí a chur i leith na laghduithe ar an méid seachas na Treoirlínte amháin.

Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán ina raibh PIAB ag úsáid na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta chun éilimh a mheasúnú. D'fhoilsigh PIAB a thríú tuarascáil ar mheánleibhéil dámhachtana i rith na bliana, agus tugtar sa Tuarascáil Bhliantúil seo achoimre ar dhearcadh bhliain iomlán na dTreoirlínte. Bhí laghdú 34% ar mheánluach na ndámhachtainí in 2022 i gcomparáid le dámhachtainí a rinneadh faoin Leabhar Quantum roimhe seo, ar laghdú suntasach é sin.

Ba é an mheándámhachtain in 2022 ná €15,857 i gcomparáid le €24,026 in 2020. Braitheann leibhéal na ndámhachtainí ar an meascán d'éilimh thromchúiseacha agus de mhionéilimh in aon tréimhse, agus freisin ar leibhéal na ndamáistí speisialta, is é sin na damáistí do chostais as póca. I rith 2022, tháinig méadú beag ar an meándámhachtain nuair a chuirtear na speansais eile sin san áireamh. Léiríonn sé seo méadú ar dhamáistí speisialta, rud a léiríonn méaduithe ar chostais maireachtála níos leithne, agus bíonn níos lú díobhálacha an-bheag ann, rud a fhágann go bhfuil measúnú á dhéanamh againn ar dhíobhálacha níos tromchúisí a ndéanfaí measúnú orthu ag leibhéal níos airde.

Mar sin féin, tríd is tríd, tá na hathruithe atá le feiceáil ag PIAB fós an-suntasach agus baineann siad le gach catagóir éileamh, mar atá éilimh mhótair, fhostóra agus dliteanas poiblí. In 2022 tháinig ardú ar ár leibhéal ráta glactha freisin go rátaí a bhí ann sula raibh na Treoirlínte i bhfeidhm, agus ráta 48% ann ag deireadh na bliana.

Is é fíorluach na dTreoirlínte ná comhsheasmhacht agus cinnteacht a fháil ar dhámhachtainí thar na bealaí socraíochta go léir, agus mar sin an gá atá le dlíthíocht fhada

> Is é €141 milliún an luach iomlán is ísle d'éilimh a bhronn PIAB le 16 bliana anuas



> Tá measúnú déanta ag PIAB ar bhreis is €1.5 billiún i ndámhachtainí díobhála pearsanta ar ghlac an dá pháirtí leo, rud a d'fhág coigilteas suntasach sna costais dlí a bhaineann le dlíthíocht

agus chostasach nach bhfuil gá léi a laghdú. D'fhéadfadh sé seo na costais a bhaineann le héilimh a laghdú go suntasach. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas nach mbeidh luach iomlán na dtreoirlínte agus na sonraí le feiceáil go ceann tamaill, agus go bhfuil trédhearcacht thar gach cainéal ríthábhachtach ionas go n-oibreoidh siad.

Ó bunaíodh é, tá measúnú déanta ag PIAB ar bhreis is €1.5 billiún i ndámhachtainí díobhála pearsanta ar ghlac an dá pháirtí leo, rud a d'fhág coigilteas suntasach sna costais dlí a bhaineann le dlíthíocht, ach freisin bhí páirtithe in ann éilimh a réiteach, chomh maith leis an strus ar fad a d'fhéadfadh a bheith ann leis seo, blianta roimhe sin. Toisc nach bhfuil sna costais dlí a bhaineann le cás a réiteach trí PIAB ach codán beag díobh siúd sa dlíthíocht, is ionann an coigilteas go dtí seo trí sheirbhís chothrom agus neamhchlaonta PIAB agus na céadta milliún euro. In 2022 amháin, is é an coigilteas a chuirtear i leith glacadh le dámhachtainí i gcásanna PIAB ná €40 milliún. Dá bhrí sin, más féidir linn teacht ar phointe ina mbíonn comhsheasmhacht agus cinnteacht sna dámhachtainí in Éirinn mar thoradh ar na Treoirlínte, agus go nglactar le níos mó cásanna ag céim PIAB, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó coigilteas ann.

Ní féidir go mbainfidh dul chun cinn agus athchóiriú le haon bheart amháin, agus is píosa reachtaíochta thar a bheith suntasach do PIAB agus don réimse díobhálacha pearsanta é tabhairt isteach an Achta fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, a síníodh sa dlí ag deireadh 2022, mar a dúirt ár gCathaoirleach. Cuirfidh an reachtaíocht ar chumas PIAB raon níos leithne seirbhísí a thairiscint, lena n-áirítear idirghabháil, agus beidh níos mó roghanna ag páirtithe a bhfuil éilimh acu a n-éilimh a réiteach in PIAB, seachas dul i mbun dlíthíochta, as a dtiocfaidh torthaí níos fearr d'éilitheoirí agus do fhreagróirí agus ag an am céanna beidh tuilleadh coigilteas ann i gcostais éileamh díobhálacha pearsanta. Is bealach tapa, solúbtha agus cruthaitheach í an idirghabháil chun ceisteanna casta agus íogaire a réiteach.

Ina theannta sin, ritheadh Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh) in 2022 a thugann freagracht do PIAB as measúnú a dhéanamh ar éilimh inar gortaíodh baill den Gharda Síochána mar gheall ar thimpiste mhailíseach. Laghdófar leis an scéim nua na hamanna feithimh do Ghardaí nó dá muintir chomh maith leis na costais a bhaineann le héilimh ar dhíobhálacha a eascraíonn as eachtra mhailíseach. Tá an tionscnamh seo tábhachtach chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil PIAB, trína neamhspleáchas, trína neamhchlaontacht agus trína saineolas, in ann cabhrú le saincheisteanna a réiteach agus rannchuidiú leo i gcásanna ina raibh caillteanas nó fulaingt.

Tá ról níos mó ag PIAB freisin maidir lenár gcuid sonraí a úsáid agus taighde a choimisiúnú. Tá saineolas ollmhór ag PIAB i réimse na ndíobhálacha pearsanta agus tá níos mó sonraí aige freisin ná ata ag aon chomhlacht eile ar éilimh, agus táimid tiomanta dár sonraí a úsáid chun leas ár bpáirtithe leasmhara agus na sochaí ar fad. Tá oscailteacht agus trédhearcacht sonraí éileamh díobhála pearsanta ríthábhachtach chun na hathchóirithe a bhaint amach agus chun iomaíocht a spreagadh san earnáil seo. Tá luach ollmhór

> Faraor, mhéadaigh líon na n-éileamh marfach go 96 ó 84, agus ba úsáideoirí soghonta bóithre iad breis agus leathchuid díobh sa réimse mótair

ag baint leis freisin maidir le timpistí a chosc.

In 2022, faraor, mhéadaigh líon na n-éileamh marfach go 96 ó 84 an bhliain roimhe sin, agus ba úsáideoirí soghonta bóithre, lena n-áirítear coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe, iad os cionn leathchuid de na básanna sa réimse mótair.

Tá PIAB tiomanta dár gcuid sonraí a úsáid agus oibriú le daoine eile amhail an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta chun cuidiú le cosc a chur ar níos mó de na timpistí tragóideacha seo.

I mbliana chuireamar tús freisin le Tionscadal Claochlaithe Digiteach. Leis an tionscadal seo beidh infheistíocht de €3 mhilliún inár n-ardáin agus córais dhigiteacha, a thabharfaidh eispéireas bainistíochta éileamh nua agus feabhsaithe dár bpáirtithe leasmhara go léir. Leis an tionscadal seo, a sheachadfar in 2024, déanfar ár seirbhís do chustaiméirí agus ár rannpháirtíocht a athrú ó bhonn agus feabhsófar leis luas agus éascaíocht rochtana ar ár seirbhísí.

Tá an tseirbhís a sholáthraíonn PIAB ríthábhachtach maidir le dul chun cinn eacnamaíoch na hÉireann agus don tsochaí, agus fíorthábhachtach do shaol na bpáirtithe gortaithe ina dtéarnamh. Déileálann PIAB le raon éagsúil díobhálacha, lena n-áirítear miondíobhálacha, díobhálacha a athraíonn an saol agus básanna. Tá duine taobh thiar de gach éileamh, agus is é ról PIAB seirbhís chothrom agus neamhchlaonta a thairiscint dóibh agus don fhreagróir ina bhfuil muinín ag an dá pháirtí agus ina ligtear do gach duine bogadh ar aghaidh. Agus é sin á dhéanamh againn, bainimid an-chuid costas agus an t-am suntasach agus an strus a bhaineann le dlíthíocht. Tá dul chun cinn suntasach feicthe againn le cúpla bliain anuas maidir le hoibriú an chórais a dhéanamh níos fearr do chách. Tá sé ríthábhachtach go dtacófar leis na hathchóirithe a thabharfar isteach agus go seachadfar tairbhí an phróisis athchóirithe do dhaoine a íocann as costas an árachais, do pháirtithe gortaithe, agus dóibh siúd a oibríonn gnólachtaí, nó a sheachadann ar son a bpobal féin. Tugann na torthaí láidre atá léirithe ag PIAB in 2022 maidir le meándámhachtainí agus luachanna méideanna éileamh bonn an-láidir le haghaidh muiníne as na hathchóirithe a rinneadh go dtí seo.

Ba bhliain rathúil eile í 2022 do PIAB, agus an-mhéid seachadta, agus ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na páirtithe leasmhara go léir a chuidigh leis sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Stáit Dara Calleary T.D. agus lena oifigigh sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as reachtaíocht an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta a sheachadadh agus as a dtacaíocht bheartais agus oibriúcháin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gCathaoirleach Dermot Divilly agus le comhaltaí Bhord PIAB as a dtacaíocht agus a maoirseacht sa tírdhreach seo a bhíonn ag síorathrú.

Ar deireadh, ní fhéadfaí na héachtaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo a bhaint amach gan obair dhian agus díograis ár bhfoirne ar fad ag PIAB. Gabhaim buíochas ó chroí leo as a dtiomantas leanúnach.

---

Rosalind Carroll

Príomhfheidhmeannach

Bealtaine 2023

> **Tá duine taobh thiar de gach éileamh, agus is é ról PIAB seirbhís chothrom agus neamhchlaonta a thairiscint dóibh agus don fhreagróir ina bhfuil muinín ag an dá pháirtí agus ina ligtear do gach duine bogadh ar aghaidh. Agus é sin á dhéanamh againn, bainimid an-chuid costas, am suntasach agus strus**

# PIAB d'aon amharc

Meán Foriomlán Dámhachtana:
**€15,857**

**Laghdú ó**
**2021:** €19,451
**2020:** €24,026

Méideanna éileamh **2019:** 31,072
**2021:** 21,410
**2022:** 18,453

**-41%**

**Laghdú ar éilimh** i gcomparáid le 2019
-14% i gcomparáid le 2021

## Luach Iomlán na nDámhachtainí

**€275m** 2019

**€206m** 2020

**€157m** 2021

**€141m** 2022

**-€134m**

**Laghdú ar Luach Iomlán na nDámhachtainí ó 2019**

An méid a sábháladh in 2022 i gcostais seachanta de bharr éileamh nach ndeachaigh trí dhlíthíocht

**€40m**

Laghdú ar mheándamáistí ginearálta 2022 i gcomparáid le 2020

**41%**

Laghdú ar mheánluach na ndámhachtainí do 2022 vs 2020

**34%**

## Dámhachtainí de réir Catagóire

| | 2022 | 2021 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 65% | 69% | ↓ -4% |
| Dliteanas Poiblí | 20% | 18% | ↑ +2% |
| Dliteanas Fostóirí | 15% | 13% | ↑ +2% |



**261,338**
ríomhphoist (i gcomparáid le 197,132 in 2021

**22,053**
i gcomparáid le 25,506 in 2021

**229,397**
Míreanna comhfhreagrais a láimhseáladh

## Ráta Toilithe ag Méadú

**55%** 2020 → **60%** 2021 → **70%** 2022

## Luach na meán-dámhachtainí de réir catagóire



| Meán-dámhachtain 2022 vs 2021 agus 2020 | Meán-dámhachtain 2022 | Laghdú ó 2021 | Meán-dámhachtain 2020 | Laghdú ó 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €13,975 | -22% | €22,357 | -37% |
| Dliteanas Fostóirí | €22,989 | -11% | €30,558 | -25% |
| Dliteanas Poiblí | €16,833 | -19% | €26,065 | -35% |
| Meán Foriomlán | €15,857 | -18% | €24,026 | -34% |

## Meán-am Próiseála

**10.9 Mí**
in 2022
10.5 mí in 2021

**55%**
d'éilimh in 2022, rineadh measúnú orthu laistigh de
**9 Mí**

## Leibhéil Ghlactha I ndiaidh na dTreoirlínte

**36%** NOLL 20 → **39%** NOLL 21 → **43%** BEAL 22 → **48%** SAMH 22

Faoi dheireadh na bliana, bhí an ráta glactha dámhachtainí ag druidim leis an leibhéal a bhí ann sula raibh na Treoirlínte ann

# 1. Éilimh & Dámhachtainí

## Buaicphointí

- Tháinig laghdú 14% ar líon na n-éileamh ar 2021 agus 41% ar leibhéil 2019
- Tháinig laghdú 11% ar iarratais ar éilimh mhótair, laghdú 20% ar éilimh dhliteanais phoiblí agus laghdú 13% ar éilimh dliteanais fostóirí.
- Ba é an mheándámhachtain do 2022 €15,857 i gcomparáid le €19,451 in 2021
- Mhéadaigh luach na speansas as póca 14% i gcomparáid le 2021
- Ba é an luach ab airde a bronnadh in 2022 ná €655,678 i gcomparáid le €360,522 in 2021

Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán inar bronnadh dámhachtainí PIAB faoi na Treoirlínte. Bhí tionchar suntasach ag na Treoirlínte ar dhámhachtainí ach tá athruithe ag teacht ar iarratais éileamh mar thoradh orthu freisin. Feiceann PIAB níos lú éileamh ar dhíobhálacha a mheasfaí mar an-bheag. Tá díobhálacha go hiomlán síceolaíoch á measúnú ag PIAB den chéad uair freisin.

Mar gheall ar thábhacht na dTreoirlínte, ba léir go mbeadh éiginnteacht ann agus tréimhse de leabú isteach ann sular thug na Treoirlínte an chinnteacht agus an chomhsheasmhacht a bhí beartaithe leo. Ó tháinig na Treoirlínte isteach bhí roinnt agóidí dlíthiúla ann maidir lena gcur i bhfeidhm. In 2022 éisteadh dhá chás tástála san Ard-Chúirt ar chosain PIAB agus an Stát go rathúil iad, agus chuidigh sé sin le níos mó cinnteachta a thabhairt do thimpeallacht for-iomlán éileamh, atá soiléir ó fhianaise na fírice go bhfuil méadú tagtha ar leibhéil glactha PIAB ón tráth sin. Cé go ndearnadh achomharc ar na cásanna seo, agus go dtógfaidh sé am fós le cásanna éileamh dul trí chórais na gcúirteanna, bhí tionchar an-suntasach ag na Treoirlínte ar éilimh in Éirinn. Tabharfar sa chuid seo a leanas dár dtuarascáil bhliantúil achoimre ar na treochtaí in éilimh agus i ndámhachtainí le bliain anuas.

> Bhí laghdú 14% ar líon na n-iarratas ar éilimh ó 2021 agus bhí laghdú 40% ann i gcomparáid le 2019

### Méid Iarratas ar Éilimh

Fuair PIAB 18,453 iarratas ar éilimh in 2022, is é sin laghdú ó 21,410 in 2021. Leanadh leis an laghdú ar líon na n-iarratas a fuair an PIAB in 2022. Léiríonn Tábla 1.1 iomlán na n-iarratas ar éilimh ó 2016 i leith. Bhí laghdú 14% ar líon na n-iarratas ar éilimh ó 2021 agus bhí laghdú 40% ann i gcomparáid le 2019. Cé gur chuir paindéim Covid isteach go mór ar líon na n-éileamh in 2020 agus in 2021, tá tionchar ag roinnt fachtóirí ar an laghdú leanúnach ar líon na n-éileamh.

Ar an meán déantar éilimh chuig PIAB bliain nó dhó tar éis timpiste, agus mar sin beidh tionchar éigin fós ag an tionchar a bhí ag Covid ar an méid tráchta, ar fhreastal oifige agus ar réimsí eile ar líon na n-iarratas ar éilimh. Ina theannta sin, beidh roinnt tionchar níos faide ar mhéideanna mar bíonn roinnt daoine ag obair go cianda fós seachas a bheith san oifig, agus d'fhéadfadh athruithe iompraíochta eile a bheith ann ó bhí Covid ann a d'athraigh an chaoi a n-úsáideann daoine carranna. Fachtóir suntasach eile is ea tabhairt isteach na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta. Ó shin i leith, tá líon na n-éileamh measartha íseal fós i gcomparáid le 2019. Is dócha go raibh tionchar ag tábhacht na n-athruithe mar aon le roinnt éiginnteachta mar gheall ar agóidí dlíthiúla ar na treoirlínte ar iarratais ar éilimh chuig PIAB.

Cé go bhfáiltítear roimh laghdú ar líon na n-éileamh, ós rud é go bhfuil leibhéil athraithe den sórt sin ann, beidh orainn monatóireacht a dhéanamh ar an áit a mbeidh an tionchar fadtéarmach ar líon na n-éileamh.

**Tábla 1.1 Iarratais ar Éilimh**




## Éilimh de réir Catagóire

Mar a léirítear thíos i dTábla 1.2, nuair a dhéantar comparáid idir líon na n-éileamh do 2022, 2021 agus 2020 thar na trí chatagóir dhliteanais, is féidir a fheiceáil go bhfuil laghdú tagtha ar líon na n-éileamh Mótair. Tháinig laghdú 11% ar éilimh mhótair ó 11,409 in 2021 go 10,154 in 2022 agus laghdú 28% ó 14,137 in 2020. Tá laghdú 20% tagtha ar éilimh dhliteanais phoiblí ó 5,774 in 2021 go 4,641 in 2023, agus laghdú 32% ó 6,823 in 2020. Agus tá laghdú 13% tagtha ar éilimh dhliteanais Fostóirí ó 4,227 in 2021 go 3,658 in 2022 agus laghdú 28% ó 5,049 in 2020.

Maidir le líon iomlán na n-iarratas a fuair PIAB in 2022, ar an iomlán, bhí laghdú 14% ann in 2022 i gcomparáid le 2021 agus laghdú 29% ar líon iomlán na n-iarratas i gcomparáid le 2020. Bhí an laghdú seo ar líon na n-éileamh thar gach cineál éileamh agus bhí tionchar dearfach aige sin ar chostas iomlán na n-éileamh, agus tháinig laghdú suntasach ar luach iomlán na n-éileamh le 3 bliana anuas.

**Tábla 1.2 Miondealú ar Iarratas ar Éilimh de réir Catagóire** 2022 vs 2021 agus 2020

| Iarratais a Fuarthas | 2022 | 2021 | 2022 v 2021% | 2020 | 2022 v 2020% |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 10,154 | 11,409 | -11% | 14,137 | -28% |
| Dliteanas Poiblí | 4,641 | 5,774 | -20% | 6,823 | -32% |
| Dliteanas Fostóirí | 3,658 | 4,227 | -13% | 5,049 | -28% |
| **Iomlán** | **18,453** | **21,410** | **-14%** | **26,009** | **-29%** |

## Miondealú Éileamh agus Dámhachtainí

I bhFíor 1.1 agus 1.2 féachaimid ar mhiondealú na n-iarratas ar éilimh sna trí chatagóir dhliteanais in 2022 i gcomparáid le 2021 agus i bhFíor 1.3 agus 1.4 féachaimid freisin ar mhiondealú na ndámhachtainí a rinneadh thar na trí chatagóir dhliteanais don tréimhse chéanna. Cé gurbh ionann éilimh dhliteanais Mhótair agus céatadán níos mó de na hiarratais iomlána a fuair PIAB in 2022, b'ionann é seo agus céatadán níos ísle de dhámhachtainí in 2022 (65%) i gcomparáid le 2021 (69%). Tá sé seo suntasach mar go raibh éilimh mhótair seasmhacht ar feadh blianta fada ag 70% de na dámhachtainí go léir mar atá le feiceáil i dTábla 1.3. Léiríonn an t-athrú seo go ndearnadh níos lú de na héilimh is lú le PIAB ó tugadh isteach na Treoirlínte, agus go n-eascraíonn an chuid is mó díobh go hiondúil in éilimh mhótair. Tháinig laghdú ar chion na n-iarratas ar éileamh dliteanais Phoiblí ó 27% in 2021 go 25% in 2022 mar atá le feiceáil i bhFíor 1.1 agus 1.2, agus tháinig méadú ar dhámhachtainí dliteanais Phoiblí ó 18% de na dámhachtainí go léir in 2021 go 20% in 2022.

B'ionann iarratais ar éileamh dliteanais fostóirí agus an cúigiú cuid (20%) de na hiarratais uile ar éileamh in 2021 agus 2022. Tháinig méadú 2% ar chion na ndámhachtainí dliteanais Fostóirí in 2022, arb ionann é agus 15% de na dámhachtainí uile a rinne PIAB.

### Tábla 1.3 Cineálacha Dámhachtainí

| Catagóir | % de Dhámhachtainí 2019 | % de Dhámhachtainí 2020 | % de Dhámhachtainí 2021 | % de dhámhachtainí 2022 | Líon na nDámhachtainí 2019 | Líon na nDámhachtainí 2020 | Líon na nDámhachtainí 2021 | Líon na nDámhachtainí 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 70% | 70% | 69% | 65% | 8,050 | 6,058 | 5,606 | 5,802 |
| Dliteanas Poiblí | 17% | 17% | 18% | 20% | 2,009 | 1,426 | 1,436 | 1,774 |
| Dliteanas Fostóirí | 13% | 13% | 13% | 15% | 1,468 | 1,103 | 1,051 | 1,289 |
| **Iomlán** | | | | | **11,527** | **8,587** | **8,093** | **8,865** |

### Fíor 1.1 Iarratais a Fuarthas 2022




### Fíor 1.2 Iarratais a Fuarthas 2021



**Fíor 1.3 Miondealú ar Dhámhachtainí 2022**




**Fíor 1.4 Miondealú ar Dhámhachtainí 2021**




## Toiliú le Ráta Measúnaithe

Mar chuid de phróiseas éileamh PIAB, eiseoimid fógra don Fhreagróir faoin éileamh atá á dhéanamh ina gcoinne. Beidh 90 lá ag an bhFreagróir, a d'fhéadfadh a bheith ina dhuine nó ina eagraíocht a ndéantar éileamh ina aghaidh/ina haghaidh, chun comhaontú go ndéanfaidh PIAB measúnú ar an éileamh. Má thoilíonn an Freagróir le rannpháirtíocht PIAB, leanann PIAB ar aghaidh leis an bpróiseas measúnaithe. Mura dtoilíonn Freagróir, eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil ar a dtugtar 'údarú' chuig an Éilitheoir a chuireann ar a gcumas dul ar aghaidh leis an ábhar tríd an gCúirt más mian leo déanamh amhlaidh.

Tá rátaí toilithe tábhachtach mar go léiríonn siad cé mhéad Freagróir a thoilíonn úsáid a bhaint as próiseas PIAB agus bíonn tionchar acu ar an líon cásanna atá ag dul isteach sa chóras dlíthíochta. Tá na costais a bhaineann le héileamh a chur ar aghaidh tríd an gcóras PIAB i bhfad níos lú i gcomparáid le dlíthíocht. Tá seirbhís PIAB níos gasta agus neamhsháraíochta agus níos fearr ní hamháin do na páirtithe in éileamh ach don tsochaí ina hiomláine.

In 2022 tháinig méadú suntasach ina raibh fáilte roimhe ar rátaí toilithe i gcomparáid le 2021 agus léiríodh é ar fud na dtrí chatagóir dhliteanais. Mar atá le feiceáil i dTábla 1.4, bhí rátaí toilithe d'éilimh um dhliteanas Mhótair ag 78%, is é sin méadú 11% ar leibhéil 2021 agus 16% ar leibhéil 2020. Tá an ráta toilithe do dhliteanas Fostóirí ag 65%, is é sin méadú 9% ar 2021 agus 16% ar leibhéil 2020, agus bhí rátaí toilithe d'éilimh dhliteanais Phoiblí ag 54%, i gcomparáid le 49% in 2021 agus 43% in 2020. Tháinig méadú ar an ráta foriomlán toilithe go 70% in 2022, ó 60% in 2021. Tairgeann PIAB bealach neamhsháraíochta chun éilimh a réiteach. Mar sin, i gcás nach bhfuil aon saincheisteanna faoi dhíospóid, amhail dliteanas, is é PIAB is fearr chun cásanna a réiteach nuair nach bhfuil gá le dlíthíocht neamhriachtanach.

> "Méadaíodh an ráta foriomlán toilithe go 70% in 2022, ó 60% in 2021

**Tábla 1.4 Rátaí Foriomlána Toilithe**

| | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóirí | Dliteanas Poiblí | Ráta Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 66% | 49% | 45% | 58% |
| 2017 | 65% | 49% | 43% | 57% |
| 2018 | 65% | 50% | 44% | 57% |
| 2019 | 64% | 48% | 42% | 55% |
| 2020 | 62% | 49% | 43% | 55% |
| 2021 | 67% | 56% | 49% | 60% |
| 2022 | 78% | 65% | 54% | 70% |

## Líon agus Luachanna Dámhachtainí

### Tábla 1.5 Líon agus Luachanna Dámhachtana de réir Bliana

| Bliain | Líon | Luachanna |
|---|---|---|
| 2016 | 12,966 | €315 milliún |
| 2017 | 12,663 | €315 milliún |
| 2018 | 12,112 | €299 milliún |
| 2019 | 11,527 | €275 milliún |
| 2020 | 8,587 | €206 milliún |
| 2021 | 8,093 | €157 milliún |
| 2022 | 8,865 | €141 milliún |

In 2022, rinne PIAB dámhachtainí ar 8,865 éileamh i gcomparáid le 8,093 in 2021 agus 8,587 in 2020. Léiríonn figiúr 2022 i gcomparáid le 2021 méadú de bheagnach 10%. Tá sé seo in ainneoin laghdú ar líon na n-iarratas a fuair PIAB in 2022. Tá méadú tagtha ar líon iomlán na ndámhachtainí a rinne PIAB i gcomparáid le 2021 (+10%) agus 2020 (+3%). Taobh thiar de sin bhí méadú ar na héilimh reatha a bhí idir lámha mar gheall ar éifeachtaí Covid agus moilleanna mar thoradh ar thabhairt isteach na dTreoirlínte.

Cé gur tháinig méadú ar líon na ndámhachtainí a rinneadh, ba é €141 milliún luach iomlán na ndámhachtainí PIAB in 2022 agus is é seo an luach is ísle dámhachtainí le 16 bliana anuas. Tá luach iomlán na n-éileamh in 2022 €134 milliún níos lú ná in 2019, rud atá ina choigilt díreach ar chostas éileamh in Éirinn agus ba cheart go mbeadh tionchar dearfach aige ar phraghsáil árachais. Is féidir an laghdú suntasach seo ar luach na ndámhachtainí a chur i leith laghduithe leanúnacha ar líon na n-éileamh agus tionchar na dTreoirlínte ar éilimh aonair.

> Ba é €141 milliún luach iomlán na ndámhachtainí PIAB in 2022 agus is é seo an luach is ísle dámhachtainí le 16 bliana anuas

### Tábla 1.6 Luach Bliain Iomlán na Meándámhachtainí de réir Catagóire 2022 vs 2021 agus 2020

| | 2022 | 2021 | 2022 vs 2021% | 2020 | 2022 vs 2020% |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €13,975 | €17,945 | -22% | €22,357 | -37% |
| Dliteanas Fostóirí | €22,989 | €25,748 | -11% | €30,558 | -25% |
| Dliteanas Poiblí | €16,833 | €20,725 | -19% | €26,065 | -35% |
| **Meán Foriomlán** | €15,857 | €19,451 | -18% | €24,026 | -34% |

Ba é €15,857 an meándámhachtain in 2022. Tugtar i dTábla 1.6 forbhreathnú ar mhiondealú na meándámhachtainí san iomlán agus thar na trí chatagóir dhliteanais. I gcomparáid le meándámhachtainí in 2021, bhí dámhachtainí a rinneadh in 2022 ar an meán 18% níos ísle ná in 2021. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gur tugadh isteach na Treoirlínte i mí Aibreáin 2021 agus gur tháinig laghdú suntasach ar dhámhachtainí foriomlána sa dara leath de 2021. Dá bhrí sin, ní raibh an meán do 2021 ag teacht le figiúr na dTreoirlínte don bhliain iomlán. Má dhéantar comparáid le 2020, an bhliain iomlán dheireanach de mheasúnuithe sula raibh na treoirlínte ann, tugtar comparáid níos cruinne idir luachanna dámhachtana sula raibh na treoirlínte ann agus tar éis dóibh a bheith ann. Mar atá le feiceáil i dTábla 1.6, bhí tionchar nach beag ag na Treoirlínte go dtí seo, le laghdú 34% ar an meándámhachtain ó 2020 i leith. Ní áirítear leis na figiúirí seo dámhachtainí le haghaidh básanna nach bhfuil tionchar ag na Treoirlínte orthu ach is táscaire maith iad ar an tionchar go dtí seo. Mar is léir, bhí na tionchair is mó ag éilimh dhliteanais mhótair agus éilimh dhliteanais phoiblí le laghdú 37% agus 35% ar mheándámhachtainí. Tháinig laghdú níos lú ar dhliteanas fostóirí ag 25%, ach is méadú ar leibhéal agus ar líon na n-éileamh le díobhálacha tromchúiseacha a rinneadh le linn na bliana 2022 atá taobh thiar de sin, agus is lú an tionchar atá ag na Treoirlínte ar dhíobhálacha tromchúiseacha.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le leibhéil na meándámhachtainí luainiú mar gheall ar an meascán de dhíobhálacha tromchúiseacha agus de mhiondíobhálacha agus freisin mar gheall ar líon na nDliteanas Mótair, na nDliteanas Poiblí agus na nDliteanas Fostóirí, gnách ceann acu a mbíonn leibhéil dhifriúla meándámhachtana acu. Déantar gach éileamh ar leith a mheasúnú ar a thuillteanas féin.

Is beag athrú atá tagtha ar an leibhéal laghdaithe sula raibh na Treoirlínte ann agus ina ndiaidh sa dá bhliain ó cuireadh i bhfeidhm iad, agus tá sé seo mar gheall ar nádúr na n-éileamh atá á ndéanamh, ach ar an iomlán, tá laghdú measartha comhsheasmhach tagtha ar leibhéil na ndámhachtainí. Tá 3 thuarascáil foilsithe ag PIAB ar mheándámhachtainí agus ar threochtaí díobhála ó tháinig na Treoirlínte i bhfeidhm. Léiríodh sna tuarascálacha seo laghduithe ar mheánluachanna dámhachtana i gcomparáid le leibhéil 2020, is é sin idir 42% agus 38%. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach áirítear leis na figiúirí seo éilimh a bhaineann le básanna. Athraíonn na meándámhachtainí ag brath ar dhéine na gcásanna a ndéantar measúnú orthu i dtréimhse ama ar leith. Léiríonn an laghdú 34% atá á thuairisciú againn don bhliain iomlán 2022 meánfhigiúr dámhachtana beagán níos airde de €15,857, ná an figiúr a tuairiscíodh do na chéad 6 mhí den bhliain, is é sin €14,786. Cé go bhfuil na figiúirí seo bunaithe ar chásanna atá beagán difriúil, mar go n-áirítear éilimh mharfacha i gceann amháin nach bhfuil sa cheann eile, tá dhá phríomhchúis leis an bhfigiúr atá beagán ardaithe. Tá méadú ag teacht ar dhamáistí speisialta mar a thuairisceofar níos déanaí (costais as póca mar chailliúint tuillimh, costais leighis, etc.). Tá na damáistí seo atá san áireamh sna meáin fhoriomlána ag méadú mar thoradh ar chostais ghinearálta mhaireachtála agus boilsciú. Tá níos lú éileamh á ndéanamh ar mhiondíobhálacha ag PIAB freisin, rud a fhágann nach bhfuilimid ag déanamh comparáide a thuilleadh leis na cineálacha céanna cásanna.

## Dámhachtainí Damáistí Ginearálta

Tá sé tábhachtach agus tú ag breathnú ar an meándámhachtain iomlán Damáistí Ginearálta (damáistí i leith péine agus fulaingthe) a mheas freisin. Is le Damáistí Ginearálta amháin a bhaineann na Treoirlínte agus ní le Damáistí Speisialta arb damáistí iad sin as rudaí amhail caillteantas ioncaim nó costas eile neamh-in-aisíoctha. Tháinig laghdú 41% ar an meándámhachtain le haghaidh damáistí ginearálta ó 2020 go 2021.

Tuigeann PIAB gurb iad daoine a raibh pian orthu agus a d'fhulaing agus a raibh caillteanas airgeadais acu a dhéanann éileamh ar dhíobháil phearsanta. Níl sé mar aidhm ag an anailís seo, mar sin, an bonn a bhaint de na díobhálacha a d'fhulaing daoine. Is é ról PIAB a áirithiú go bhfaigheann Éilitheoirí cúiteamh cothrom as díobhálacha a tharlaíonn trí thimpistí nach bhfuil siad freagrach astu, agus táimid an-dáiríre faoin ról seo agus faoin luach a d'fhéadfadh sé a thabhairt chun cabhrú le téarnamh daoine.

**An mheándámhachtain sula raibh na treoirlínte ann agus ina ndiaidh (2020 vs 2022)**

**€24,026**
2020

**€15,857**
2022

laghdú **34%**

**Meándámhachtain i leith Damáistí Ginearálta (2020 v 2022)**

**€21,850**
2020

**€12,801**
2022

laghdú **41%**

## Raon na nDámhachtainí

Tá athrú tagtha freisin ar an raon luachanna dámhachtana ó tugadh na Treoirlínte Díobhálacha Pearsanta isteach. Léiríonn Tábla 1.7 dáileadh méideanna na dámhachtana de réir banda luacha i leith dámhachtainí a rinneadh in 2022, i gcomparáid leis an tréimhse tar éis do na treoirlínte a theacht i bhfeidhm, Aibreán – Nollaig 2021, agus rinneadh comparáidí breise le figiúirí in 2020 sula raibh na Treoirlínte ann. In 2022, bhí luach €10,000 nó níos lú ar bheagnach leathchuid de na dámhachtainí go léir a rinne PIAB, i gcomparáid le 12% de na dámhachtainí in 2020. Léiríonn an t-athrú soiléir ar chion na ndámhachtainí a rinneadh laistigh de na bandaí dámhachtana ar luach níos ísle in 2022 agus in 2021 tionchar suntasach na dTreoirlínte ar éilimh dhíobhálacha pearsanta.

### Tábla 1.7 Miondealú ar Líon Iomlán na nDámhachtainí in 2022

| Raon na nDámhachtainí | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir mheánluacha (€'s)** | **< €5k** | **€5k – < €10k** | **€10k – < €15k** | **€15k – < €20k** | **€20k – < €25k** | **€25 – < €50k** | **Os cionn €50k** |
| **% dámhachtainí 2022** | 23% | 24% | 20% | 12% | 6% | 10% | 5% |
| **% dámhachtainí ó 24 Aibreán go dtí 31 Nollaig 2021** | 20% | 29% | 23% | 11% | 5% | 8% | 4% |

| **Catagóir mheánluacha (€'s)** | **< €10k** | **€10k-<€15K** | **€15k< €20K** | **€20k+** |
|---|---|---|---|---|
| **% dámhachtainí 2020** | 12% | 18% | 26% | 44% |

## Méadú ar Éilimh Dhíobhálacha Speisialta

Nuair a dhéanann PIAB measúnú ar éileamh díobhála pearsanta, is gnách go mbíonn dhá ghné ar leith sa mheasúnú, is iad sin Damáistí Ginearálta agus Damáistí Speisialta. Clúdaíonn Damáistí Ginearálta cúiteamh i leith péine agus fulaingthe ó dhíobhálacha mar gheall ar thimpiste. Is éard is Damáistí Speisialta ann speansais a thabhaítear mar thoradh ar thimpiste, lena n-áirítear caillteanas tuillimh, costais chóireála, deisiúcháin feithiclí agus speansais eile as póca. I gcásanna níos tromchúisí d'fhéadfadh go mbeadh caillteanas tuillimh, speansais, etc sa todhchaí.

Mar a léirítear thíos i dTábla 1.8, i gcomparáid le 2021, tháinig méadú 14% in 2022 ar mheándámhachtainí Damáistí Speisialta. Bhí an méadú seo níos suntasaí maidir le dámhachtainí dliteanais Fostóirí, a méadaíodh ó mheán €4,699 in 2021 go €6,144 in 2022, arb ionann é agus méadú 31%. Cé nach bhfuil sé soiléir cad is cúis go díreach leis an méadú seo, is dócha gur fachtóirí rannchuidithe iad rátaí arda boilscithe a théann i bhfeidhm ar chostais chóireála, agus fás pá, a mbíonn tionchar aige ar luach éileamh um chaillteanas tuillimh.

> I gcomparáid le 2021, tháinig méadú 14% in 2022 ar mheándámhachtainí Damáistí Speisialta

**€0—€655,678**

**Raon na nDámhachtainí 2022**

**€500—€360,522**

**Raon na nDámhachtainí 2021**

## Na Dámhachtainí is Airde agus Is Ísle

Ba é an dámhachtain ab airde a bronnadh in 2022 ná €655,678 agus bhain sé seo le díobhálacha an-tromchúiseach a d'fhulaing Éilitheoir in imbhualadh díreach in éadan a chéile ar bhóthair. Ba é an dámhachtain ab ísle a bronnadh ná €0. Bronnann PIAB dámhachtainí nialasacha nuair nach raibh leibhéal péine agus fulaingthe ag an ndíobháil a aithnítear ó pheirspictíocht leighis nó a leagtar amach sna Treoirlínte nó i speansais as póca nuair a dhéantar measúnú air.

## Rátaí Glactha Dámhachtainí

Nuair a dhéanann PIAB measúnú ar dhamáistí (dámhachtain) eisímid sonraí na dámhachtana don Éilitheoir agus don Fhreagróir araon. Tá 28 lá ag an Éilitheoir leis an dámhachtain a ghlacadh nó a dhiúltú agus tá 21 lá ag an bhFreagróir. Má ghlacann an dá pháirtí leis an dámhachtain, eisítear 'Ordú chun Íoc' chuig an bhFreagróir nó chuig a n-árachóirí lena dtugtar treoir dóibh an tsuim a bhronn PIAB ar an Éilitheoir a íoc. Tá stádas cosúil le hordú cúirte ag 'Ordú le hÍoc'. Má dhiúltaíonn páirtí amháin nó an dá pháirtí dámhachtain, eisíonn PIAB Údarú a chuireann ar chumas an Éilitheora an t-ábhar a thabhairt chun na Cúirte más mian leis/léi.

**Tábla 1.8 Meándámhachtainí Damáistí Speisialta in 2022 v 2021**

| Catagóir dámhachtana | ML | DLITEANAS POIBLÍ | EL | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|---:|
| 2022 | €2,614 | €1,984 | €6,144 | €3,001 |
| 2021 | €2,525 | €1,571 | €4,699 | €2,639 |
| **% Athrú** | **+4%** | **+26%** | **+31%** | **+14%** |

Bhí tionchar suntasach ag tabhairt isteach na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta ar an ráta glactha le haghaidh dámhachtainí a eisíonn PIAB. Tar éis chur i bhfeidhm na dtreoirlínte, tháinig laghdú ar an ráta glactha foriomlán ó 60% i mí Aibreáin 2021 go 36% i mí na Bealtaine 2021. Léiríonn rátaí glactha do 2022 go bhfuil téarnamh ag teacht ar rátaí, agus an ráta glactha foriomlán ag 48% faoi dheireadh na bliana i gcomparáid le ráta 51% sula raibh na treoirlínte ann. Is léir go raibh tionchar ag an toradh rathúil ar dhúshlán na hArd-Chúirte ar bhunreachtúlacht na dTreoirlínte ar an treocht dhearfach. Thug toradh an cháis seo níos mó cinnteachta do thimpeallacht iomlán na n-éileamh.

Mar a léirítear i dTábla 1.9, in 2022, ba é 44% an ráta glactha foriomlán, agus ráta glactha 48% ag deireadh 2022. Tugann an treocht dhearfach seo i rátaí glactha le fios gur cuireadh cosc ar chion suntasach d'éilimh díobhálacha pearsanta dul isteach i ndlíthíocht chostasach. Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoin luach a bhaineann le toiliú le próiseas PIAB agus le glacadh le dámhachtain PIAB. Nuair a chuirtear i gcomparáid le dlíthíocht é, bíonn próiseas PIAB níos tapúla agus níos saoire do na páirtithe go léir agus bíonn coigilteas de na milliúin euro mar thoradh air don tsochaí níos leithne. In 2022 amháin, shábháil PIAB €40 milliún go díreach i gcostais seachanta i gcomparáid le dlíthíocht.

> **Léiríonn rátaí glactha do 2022 go bhfuil téarnamh ag teacht ar rátaí agus an ráta glactha foriomlán ag 48% faoi dheireadh na bliana i gcomparáid le ráta 51% sula raibh na treoirlínte ann**

**Tábla 1.9 Rátaí Glactha Foriomlána**

| Catagóir dámhachtana | Dámhachtainí Mótair | Dámhachtainí Fostóirí | Dámhachtainí Poiblí | Le chéile |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | 54% | 56% | 59% | 55% |
| 2017 | 52% | 56% | 56% | 53% |
| 2018 | 51% | 54% | 54% | 52% |
| 2019 | 51% | 58% | 56% | 52% |
| 2020 | 49% | 57% | 53% | 51% |
| 2021 | 43% | 46% | 49% | 44% |
| 2022 | 40% | 46% | 49% | 44% |

**Leibhéil Ghlactha Roimh na Treoirlínte**

36% BEAL 21 → 39% NOLL 21 → 43% BEAL 22 → 48% SAMH 22

## Amlíne chun Measúnú a Dhéanamh

Méadaíodh an t-am chun éileamh a mheasúnú ó dháta an toilithe go dtí dáta na dámhachtana ó 10.5 mí in 2021 go 10.9 mí in 2022. Mar sin féin, rinneadh measúnú ar 55% de chásanna laistigh de 9 mí.

Bhí éilimh reatha sa chóras agus moilleanna atá ag dul i bhfeidhm fós mar gheall ar éifeacht Covid, agus tabhairt isteach na dTreoirlínte, taobh thiar den mhéadú ar amlínte measúnaithe.

Roimh phaindéim Covid, ba é meánam measúnaithe PIAB ná 9 mí agus níos lú de ghnáth. Bhí an t-ardú ar an amlíne le 2 bhliain anuas mar gheall ar thosca a bhain le Covid ar dtús, nuair bhí gá ann na mílte coinne leighis a chur ar ceal, agus rinneadh an scéal níos measa nuair a tugadh na Treoirlínte Díobhálacha Pearsanta isteach agus na dúshláin dlí a tháinig ina dhiaidh sin, nuair a tháinig moill shuntasach ar chásanna laistigh den chóras toisc go raibh imní ar dhaoine faoina a n-éilimh a chur chun cinn i dtimpeallacht éiginnte. Ina theannta sin, le dhá bhliain anuas tá tús curtha ag PIAB le níos mó éileamh a choinneáil agus cuimsíonn na héilimh sin cásanna atá níos casta ó nádúr, agus ar a nglactar níos mó ama chun measúnú a dhéanamh.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar éilimh atá ann faoi láthair agus tiocfaidh feabhas ar na meán-amlínte measúnaithe, ach i gcásanna áirithe de chineál níos casta, glacfar níos mó ama chun measúnú a dhéanamh orthu lena áirithiú go gceadaímid dóthain ama do phrognóis.

> “Rinneadh measúnú ar 55% de chásanna laistigh de 9 mí

# Éilimh Mharfacha

Ba mhaith le PIAB ár gcomhbhrón a dhéanamh leo siúd go léir a chaill dhaoine muinteartha i dtimpiste. Le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2022, go 31 Nollaig, 2022, fuair PIAB 96 cás a bhain le bás, ar méadú 12 é ar an mbliain roimhe sin. Bhain 46 cás le timpistí mótair, méadú 5 ar 2021, bhain 15 cás le timpistí san ionad oibre (Dliteanas fostóirí), méadú 1 ar 2021, agus bhain 35 le timpistí dliteanais phoiblí, méadú 6 ar 2021.

> Le linn na tréimhse 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig, 2022, fuair PIAB 96 cás a bhain le bás, ar méadú 12 é ar an mbliain roimhe sin

Ní dhéantar iarratais i gcás tionóiscí marfacha a mheasúnú ar an mbealach céanna le hiarratais eile ar chúiteamh díobhála pearsanta. Fágtar na cásanna seo ar lár ón anailís níos leithne mar nach bhfuil tionchar ag tabhairt isteach na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta ar an measúnú ar dhamáistí a raibh bás i gceist iontu.

**Tábla 1.10**

| Iarratais Bháis | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 46 | 41 |
| Dliteanas Fostóirí | 15 | 14 |
| Dliteanas Poiblí | 35 | 29 |
| **Iomlán** | **96** | **84** |

## Básanna – Dliteanas Mótair

Ar na 46 cás mótair a bhain le bás, bhain 14 de na cásanna mótair le paisinéirí, bhain 12 díobh le coisithe, bhain 11 díobh le tiománaithe, bhain 8 díobh le gluaisrothaithe, bhain 1 díobh le rothaí.

B'fhir iad 30 díobh sin a bhásaigh de bharr tionóiscí marfacha agus ba mhná iad 16. Caithimid súil níos géire thíos ar chúis, ar ghníomhaíocht agus ar tharlú na mbásanna sin.

**Tábla 1.11**

| Dliteanas Mótair – Cineálacha Úsáideoirí Bóithre | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Paisinéirí | 14 |
| Coisithe | 12 |
| Tiománaithe | 11 |
| Gluaisrothaithe | 8 |
| Rothaithe | 1 |
| **Iomlán** | **46** |

## Básanna – An tIonad Oibre

Fuair PIAB 15 iarratas marfach maidir le Dliteanas Fostóirí in 2022, méadú 1 ar 2021 ar ghortuithe is cúis le bás a d'eascair in ionaid oibre.

B'fhir iad 14 díobh sin a bhásaigh de bharr tionóiscí marfacha agus ba mhná iad 1.

### Tábla 1.12

| Cúis seachtrach an ionaid oibre | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Mar gur rugadh air, gur brúdh, gur sáinníodh nó gur fáisceadh duine in nó idir oibiachtaí | 4 |
| Mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta | 4 |
| Titim ón leibhéal céanna | 2 |
| Eile | 2 |
| Ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte | 1 |
| Róshaothar agus gluaiseachtaí maslacha agus atriallacha | 1 |
| Gortaíodh coisí in imbhualadh le feithicil trom iompair nó le bus | 1 |
| **Iomlán** | **15** |

### Tábla 1.13

| Catagóir oibre | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Foirgníocht | 8 |
| Obair shonraithe eile le haghaidh ioncaim – caifé/ cúram leanaí/airgeadais/oideachas/fóntais | 2 |
| Iompar agus stóras | 2 |
| Talmhaíocht/foraoiseacht/iascaireacht | 1 |
| Riaradh rialtais agus cosaint | 1 |
| Seirbhísí sláinte | 1 |
| **Iomlán** | **15** |

### Tábla 1.14

| An áit inar tharla díobháil | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Limistéar tionsclaíochta agus foirgníochta, monarchan agus gléasra | 7 |
| Feirm | 2 |
| Limistéar seirbhíse sláinte | 2 |
| Sráid agus mórbhealach, bóthar | 2 |
| Limistéar tionsclaíochta agus foirgníochta | 1 |
| Limistéar Institiúideach agus riaracháin phoiblí- séipéal/halla/pictiúrlann/club/cúirt/ionad | 1 |
| **Iomlán** | **15** |

## Básanna – Ionaid Phoiblí

Fuair PIAB 35 éileamh marfach maidir le Dliteanas Poiblí in 2022, méadú 6 ar an mbliain roimhe sin. B'fhir 20 díobh agus ba mhná 15 díobh. Caithimid súil níos géire thíos ar chúis, ar ghníomhaíocht agus ar tharlú na dtionóiscí marfacha sin

### Tábla 1.15

| Cúis seachtrach dliteanais phoiblí | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Paisinéir bainteach le timpiste eitleáin marfach | 9 |
| Faillí leighis | 5 |
| Ionsaí mar thoradh ar chorpfhórsa | 4 |
| Titim mar thoradh ar sciorradh, tuisle agus barrthuisle ag an leibhéal céanna | 4 |
| Riocht nosacómach | 3 |
| Eile | 3 |
| Bás faoi choimeád/i dtearmann | 3 |
| Titim ón leibhéal céanna | 1 |
| Mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta | 1 |
| Riocht an bhaineann leis an obair | 1 |
| Bá | 1 |
| **Iomlán** | **35** |

### Tábla 1.16

| Na áiteanna inar tharla díobháil | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Institiúid cónaithe | 9 |
| Limistéar trádála agus seirbhíse – aerfort/ stáisiún bus/teilfís/raidió | 9 |
| Tarlú Tionóiscí Dliteanais Fostóra | 6 |
| Limistéar seirbhíse sláinte | 5 |
| Sráid agus mórbhealach, bóthar/cosán | 2 |
| Caifé, óstán agus bialann | 1 |
| Limistéar Institiúideach agus riaracháin phoiblí- séipéal/halla/pictiúrlann/club/cúirt/ionad | 1 |
| Áit tarlaithe sonraithe eile, carrchlós | 1 |
| Limistéar spóirt agus lúthchleasaíochta | 1 |
| **Iomlán** | **35** |

### Tábla 1.17

| Cúinsí | Gortuithe marfacha |
|---|---|
| Áineas/caitheamh aimsire/fóillíochta | 12 |
| Gníomhaíocht neamhshonraithe | 10 |
| le linn a bheith ag ligean scíthe, bheith i do chodladh, ag ithe nó i mbun gníomhaíochtaí eile atá riachtanach don bheatha | 6 |
| Seirbhísí sláinte | 4 |
| Gníomhaíocht shonraithe eile | 2 |
| Spórt/aclaíocht | 1 |
| **Iomlán** | **35** |

# 2. Súil Níos Géire

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha díobhálacha a tharlaíonn, cuirtear i láthair sa chuid seo anailís níos doimhne ar na 3 chatagóir dhliteanais. Tá an anailís bunaithe ar shonraí ó shampla mór éileamh. Úsáideann PIAB an córas ICD10 chun díobhálacha a chatagóiriú. Tá an córas céanna formhuinithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

> B'ionann éilimh dhliteanais mhótair agus 55% de na hiarratais ar éilimh ar fad a fuair an PIAB in 2022 agus 65% de na dámhachtainí go léir a eisíodh

### Dliteanas Mótair

Fuair PIAB 10,154 iarratas ar éileamh maidir le timpistí mótair. B'ionann éilimh dhliteanais mhótair agus 55% de na hiarratais ar fad a fuair PIAB in 2022 agus 65% de na dámhachtainí go léir a eisíodh. Ba é €13,975 an Meándámhachtain sa chatagóir seo i gcomparáid le €17,945 in 2021, arb ionann é sin agus laghdú 22%.

### Na Díobhálacha is Coitianta

Rinneamar breathnú níos gaire ar na díobhálacha is coitianta a théann i bhfeidhm ar dhaoine a raibh baint acu le timpistí mótair. Ag teacht le blianta roimhe seo, is ionann gortuithe fíocháin bhoig agus níos mó ná 80% de na díobhálacha a dhéantar. Bhain 51% de ghortuithe fíocháin bhoig le leonadh agus stangadh ar an dromlach ceirbheacs (réigiún an mhuiníl), bhain 13% díobh le leonadh agus stangadh ar an dromlach lumbach (réigiún an droma íochtair), agus bhain 7% díobh le leonadh agus stangadh ar an spóla gualainne. Bhain 3.5% de na gortuithe a tharla i dtimpistí mótair le comhtholgadh.

## Na 4 Dhíobháil Dliteanais Mótair is Coitianta in 2022



**51% (+1% vs 2021)**
de ghortuithe i dtimpistí dliteanais mótair, bhain siadle leonadh agus stangadh ar an dromlach ceirbheacs



**13% (-1% vs 2021)**
de ghortuithe i dtimpistí dliteanais mótair, bhain siad le leonadh agus stangadh ar an dromlach lumbach



**7% (-0.5% vs 2021)**
de ghortuithe i dtimpistí dliteanais mótair, bhain siad le leonadh agus stangadh ar an spóla gualainne



**3.5%**
de ghortuithe i dtimpistí dliteanais mótair, bhain siad le comhtholgadh

## Tionóiscí Dliteanais Mhótair 2022

**57% (+2.5% vs 2021)**
d'Éilitheoirí i dtimpistí dliteanais mhótair, ba thiománaithe i bhfeithicil iad

**29.5% (-3.5% vs 2021)**
d'Éilitheoirí i dtimpistí dliteanais mhótair, ba phaisinéirí i bhfeithicil iad

**6% (+0.5% vs 2021)**
Ba phaisinéirí iad 6% (+0.5% i gcomparáid le 2021) de na héilitheoirí a bhain le timpistí dliteanais mhótair

**5.5% (+0.5% vs 2021)**
d'Éilitheoirí i dtimpistí dliteanais mhótair, ba rothaithe iad

**2% (N/C)**
d'Éilitheoirí i dtimpistí dliteanais mhótair, ba ghluaisrothaithe iad

### Dliteanas Fostóirí

Is ionann cásanna dliteanais fostóirí agus 20% de na héilimh go léir a fhaightear agus 15% de na dámhachtainí a dhéantar agus is í an catagóir éileamh is lú minice í. Fuair PIAB 3,658 éileamh dliteanais Fostóirí in 2022 agus d'eisigh sé 1,289 dámhachtain sa chatagóir seo. Cé gurb iad na héilimh agus na dámhachtainí san ionad oibre na cinn is ísle ó thaobh líon na n-éileamh agus na ndámhachtainí de, is minic a bhaineann siad leis na meánluachanna dámhachtana is airde mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a tharla agus tá sé sin i gcomparáid le €25,748 in 2021.

> Cé gurb iad na héilimh agus na dámhachtainí san ionad oibre na cinn is ísle ó thaobh líon na n-éileamh agus na ndámhachtainí de, is minic a bhaineann siad leis na meánluachanna dámhachtana is airde mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a tharla

## Cúis Seachtrach Timpistí san Ionad Oibre 2022



**24% (N/C)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, is mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna iad mar thoradh ar sciorradh, tuisle, etc



**19% (-1.5% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, is mar gheall ar róshaothar, gluaiseachtaí maslacha nó gluaiseachtaí atriallacha iad



**14% (-2% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, is mar gheall ar bhualadh ag rud a caitheadh, a teilgeadh nó a titeadh iad



**10% (+0.5% vs 2021)**
de thionóiscí a tharla mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna

### Tarlú

Ag teacht le 2021, tharla beagán faoi bhun an tríú cuid (32%) de na héilimh go léir san ionad oibre ag monarcha nó mórionad. Is é sin méadú 2% ó anuraidh agus 6% ó 2020. Tharla 12% de na timpistí ag saoráid seirbhíse sláinte, méadú 1.5% ó 2021. Tharla 11.5% de na timpistí ag siopa nó stóras, laghdú 1.5% ó 2021 agus tharla 9.5% de thimpistí i limistéar tionsclaíoch agus/nó tógála agus is é sin laghdú 2.5% ar fhigiúirí 2021.

## Tarlú Timpistí san Ionad Oibre 2022

**32% (+2% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, tharla siad i monarcha nó i mórionad.

**12% (+1.5% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, tharla siad i limistéar seirbhíse sláinte.

**11.5% (-1.5% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, tharla siad i siopa nó stóras.

**9.5% (-2.5% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais fostóirí, tharla siad i limistéar tionsclaíoch agus/nó tógála.

## Fíor 1.5 Na Gortuithe is Coitianta san Ionad Oibre




**Tábla 1.18**

| Na gortuithe is coitianta san ionad oibre | % |
|---|---|
| Leonadh agus stangadh an dromlaigh lumbaigh | 19.00% |
| Leonadh agus stangadh ar an dromlach ceirbheacs | 11.00% |
| Neamhord imní, neamhshonraithe | 9.00% |
| Leonadh agus stangadh ar an spóla gualainne | 8.00% |
| stangadh páirteanna eile agus páirteanna neamhshonraithe den ghlúin | 6.00% |
| Comhtholgadh | 5.00% |
| Leonadh agus stangadh ar an rúitín | 5.00% |
| Briseadh ar an gcnámh mheiteacarpach | 4% |
| Leonadh agus stangadh an rosta | 4% |
| neamhord struis iarthrámaigh | 4% |
| Leonadh agus stangadh na huillinne | 3% |
| Briseadh an gha íochtair (caol na láimhe) | 3% |

## Dliteanas Poiblí

Eascraíonn éilimh Dliteanais Phoiblí as tionóiscí a tharlaíonn in áiteanna poiblí. In 2022 fuair PIAB 4,641 éileamh dliteanais phoiblí, is é sin méadú 20% ar 2021 agus rinne sé 1,774 dámhachtain dliteanais phoiblí agus tá sé sin i gcomparáid le €20,725 in 2021. Caithimid súil níos gaire thíos ar chúis agus ar tharlú na dtimpistí dliteanais Phoiblí.

## Cúis

Bhain níos mó ná 70% de chásanna dliteanais phoiblí le sciorradh, tuisle nó titim. Sciorradh, tuisle agus titim ar an leibhéal céanna ba chúis le 62% díobh agus sciorradh, tuisle agus titim ó leibhéal amháin go leibhéal eile ba chúis le 9% díobh. Bhain 8% de na timpistí le bualadh ó rudaí a caitheadh, a teilgeadh nó a titeadh agus bhain 7% díobh le hionsaí le fórsa coirp.

### Cúiseanna Seachtracha Timpistí Dliteanais Phoiblí 2022



**62% (-3% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais phoiblí, tharla siad mar gheall ar sciorradh nó tuisle ar an leibhéal céanna



**9% (+1.5% vs 2021)**
Tharla 7.5% de thionóiscí tionóiscí phoiblí a tharla mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna



**8% (+0.5% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais phoiblí, tharla siad mar gheall ar bhualadh ó rud a caitheadh/a teilgeadh nó a titeadh



**7% (-0.5% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais phoiblí, tharla siad mar gheall ar ionsaí nó ar fhórsa coirp

## Tarlú Timpistí Dliteanais Phoiblí 2022

Nuair a fhéachaimid ar na háiteanna ar tharla timpistí in áiteanna poiblí, is féidir a fheiceáil gur tharla 17% de thimpistí i siopa nó i stóras. Méadú 3% is ea ar fhigiúirí 2021. Tharla 15.5% díobh ar bhóthar, laghdú 2.5% ó 2021. Tharla 13% de na timpistí ar chosán, méadú 2.5% ó 2021 agus tharla 11% de na timpistí seo sa bhaile. Léiríonn na figiúirí sa léiriú seo na leibhéil dámhachtana contae in aghaidh contae de réir seoladh an éilitheora le linn 2022. Léiríonn na figiúirí seo na dámhachtainí a rinneadh sa Stát. Rinneadh 177 dámhachtain ar éilitheoirí a bhfuil seoltaí acu lasmuigh den Stát.

> Bhain níos mó ná 70% de chásanna dliteanais phoiblí le sciorradh, tuisle nó titim

### Tarlú Timpistí Dliteanais Phoiblí 2022



**17% (-3% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais phoiblí, tharla siad i siopa/i stóras



**15.5% (-2.5% vs 2021)**
Tharla 18% de thionóiscí dliteanais phoiblí ar bhóthar



**13% (+1% vs 2021)**
de thimpistí dliteanais phoiblí, tharla siad ar chosán



**11%**
de thimpistí dliteanais phoiblí, tharla siad sa bhaile

## Fíor 1.6 Na Díobhálacha Dliteanais Phoiblí is Coitianta




**Tábla 1.19**

| 10 Ná díobhálacha is coitianta – dliteanas poiblí (seachas síceolaíoch) | % |
|---|---|
| Leonadh agus stangadh an dromlaigh lumbaigh | 8.00% |
| stangadh páirteanna eile agus páirteanna neamhshonraithe den ghlúin | 8.00% |
| neamhord imní, neamhshonraithe | 8.00% |
| Leonadh agus stangadh ar an dromlach ceirbheacs | 8.00% |
| Leonadh agus stangadh ar an spóla gualainne | 7.50% |
| Leonadh agus stangadh ar an rúitín | 7.00% |
| Briseadh sa mhailléalas cliathánach | 5.50% |
| Briseadh an gha íochtair (caol na láimhe) | 5.50% |
| Comhtholgadh | 4.50% |
| neamhord struis iarthrámaigh | 4.00% |
| Leonadh agus stangadh an rosta | 3.00% |
| Leonadh agus stangadh na huillinne | 3.00% |

Léiríonn na figiúirí sa léiriú seo na leibhéil dámhachtana contae in aghaidh contae de réir seoladh an éilitheora le linn 2022. Léiríonn na figiúirí seo na dámhachtainí a rinneadh sa Stát. Rinneadh 177 dámhachtain ar éilitheoirí a bhfuil seoltaí acu lasmuigh den Stát.

**Tábla 1.20**

| **Tír chónaithe** | **Líon na n-éileamh in 2022** | **%Éileamh Iomlán in 2022** | **%Daonra in 2022*** |
|---|---|---|---|
| Co. Bhaile Átha Cliath | 2900 | 33.4% | 28.3% |
| | | | |
| Co. Cheatharlach | 112 | 1.3% | 1.2% |
| Co. Chill Dara | 398 | 4.6% | 4.8% |
| Co. Chill Chainnigh | 108 | 1.2% | 2.0% |
| Co. Laoise | 123 | 1.4% | 1.8% |
| Co. Longfoirt | 102 | 1.2% | 0.9% |
| Co. Lú | 375 | 4.3% | 2.7% |
| | | | |
| Co. na Mí | 365 | 4.2% | 4.3% |
| Co. Uíbh Fhailí | 115 | 1.3% | 1.6% |
| Co. na hIarmhí | 126 | 1.5% | 1.9% |
| Co. Loch Garman | 181 | 2.1% | 3.2% |
| Co. Chill Mhantáin | 193 | 2.2% | 3.0% |
| | | | |
| Co. an Chabháin | 154 | 1.8% | 1.6% |
| Co. Dhún na nGall | 209 | 2.4% | 3.2% |
| Co. na Gaillimhe | 406 | 4.7% | 5.4% |
| Co. Liatroma | 65 | 0.8% | 0.7% |
| Co. Mhaigh Eo | 160 | 1.8% | 2.7% |
| Co. Mhuineacháin | 99 | 1.1% | 1.3% |
| Co. Ros Comáin | 92 | 1.1% | 1.4% |
| Co. Shligigh | 110 | 1.3% | 1.4% |
| | | | |
| Co. an Chláir | 157 | 1.8% | 2.5% |
| Co. Chorcaí | 931 | 10.7% | 11.3% |
| Co. Chiarraí | 227 | 2.6% | 3.0% |
| Co. Luimnigh | 556 | 6.4% | 4.1% |
| Co. Thiobraid Árann | 256 | 2.9% | 3.3% |
| Co. Phort Láirge | 168 | 1.9% | 2.5% |
| | | | |
| **Iomlán sa Stát** | **8688** | **100%** | **100%** |

*Cion an daonra a bhfuil cónaí orthu i ngach contae, de réir Sonra Daonáirimh 2002


209
Dún na nGall
110
Sligeach
99
Muineachán
65
Liatroim
154
Cabhán
160
Maigh Eo
375
Lú
92
Ros Comáin
102
Longfort
365
An Mhí
126
An Iarmhí
406
Gaillimh
2900
Baile Átha Cliath
115
Uíbh Fhailí
398
Cill Dara
123
Laois
193
Cill Mhantáin
157
An Clár
112
Ceatharlach
556
Luimneach
256
Tiobraid Árann
108
Cill Chainnigh
181
Loch Garman
168
Port Láirge
227
Ciarraí
931
Corcaigh

# 3. Díobhálacha Pearsanta: Tuilleadh Éileamh a Réiteach

## Buaicphointí

1. **An tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta i bhfeidhm**
2. **Idirghabháil le tabhairt isteach**
3. **Scéim Chúiteamh an Gharda Síochána le teacht isteach i sainordú PIAB**

Tá an-dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas ar an gclár athchóirithe árachais agus go háirithe le tabhairt isteach na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta in 2021. Mar sin féin, ní féidir go mbainfidh dul chun cinn sa réimse seo le haon bheart amháin, ach le bearta iolracha a chomhlánaíonn a chéile. In 2022 d'oibrigh PIAB leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le féachaint cad iad na bearta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar sheirbhísí PIAB ionas go mbeadh níos mó roghanna ann chun éilimh dhíobhálacha pearsanta a réiteach laistigh de PIAB, ionas go rachadh níos lú cásanna isteach sa chóras dlíthíochta.

Mar thoradh air sin ritheadh reachtaíocht nua, an tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, ag deireadh na bliana. Chomh maith leis sin i mbliana, ritheadh reachtaíocht nua, Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh) 2022 a thabharfaidh freagracht do PIAB as measúnú a dhéanamh ar éilimh Scéim Chúiteamh an Gharda Síochána ionas nach mbeidh gá leis na cásanna seo dul faoi dhlíthíocht agus isteach i bpróiseas na gcúirteanna amach anseo. Ina theannta sin, ba í 2022 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta.

Cuirfidh na hathruithe seo go léir leis an mbealach a réitítear éilimh dhíobhálacha pearsanta in Éirinn agus feabhsófar é, agus béim á leagan ar an ngá atá le costais dlí inseachanta a bhaint agus cúiteamh cothrom a thabhairt d'éilitheoirí ar bhealach neamhsháraíochta agus freisin ar bhealach a réitíonn éilimh i bhfad níos tapúla don pháirtí gortaithe agus do na freagróirí cibé acu gnólacht nó duine aonair iad. Téann sé seo chun tairbhe na sochaí agus ár ngeilleagar freisin mar is féidir le costas éileamh trí phréimheanna árachais tionchar a imirt ní hamháin ar inacmhainneacht árachais ach freisin ar infhaighteacht in earnálacha áirithe.

> “Ó bunaíodh muid tá measúnú déanta againn ar níos mó ná 170,000 éileamh agus bronnadh breis is €1.5 billiún mar chúiteamh, rud a shábhálann na céadta milliún i gcostais dlí neamhriachtanacha

Bunaíodh PIAB mar chuid de chlár athchóirithe árachais an Rialtais mar a bhí beagnach 20 bliain ó shin. Ba é bunchuspóir PIAB éilimh dhíobhálacha pearsanta a bhaint de dhlíthíocht neamhriachtanach agus d'éirigh leis déanamh amhlaidh i gcuid mhór cásanna. Ó bunaíodh muid tá measúnú déanta againn ar níos mó ná 170,000 éileamh agus bronnadh breis is €1.5 billiún mar chúiteamh, rud a shábhálann na céadta milliún i gcostais dlí neamhriachtanacha. Tá gá le tuilleadh athraithe, áfach, agus is ionstraimí tábhachtacha iad na píosaí reachtaíochta a seachadadh i mbliana chun cur ar chumas PIAB tacú le níos mó éileamh a réiteach.

## Na Treoirlínte Díobhálacha Pearsanta – An chéad bhliain iomlán i bhfeidhm.

I mí Aibreáin 2021 tháinig na Treoirlínte Díobhálacha Pearsanta i bhfeidhm den chéad uair, agus bhí na hathruithe sna Treoirlínte suntasach do gach duine a raibh baint acu le héilimh. D'athraigh na Treoirlínte an bealach a dhéantar dámhachtainí le haghaidh cúitimh dhíobhála in Éirinn ó bhonn. Ní mór do PIAB agus do na cúirteanna na Treoirlínte a úsáid chun cúiteamh a mheasúnú, nó i gcás nach n-úsáidtear iad ní mór na cúiseanna leis sin a sholáthar. Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán ina ndearnadh measúnuithe i ndáil leis na Treoirlínte.

Ar dtús, i bhfianaise na n-athruithe suntasacha a bhí i gceist, thóg sé roinnt ama ar dhaoine dul i dtaithí ar na Treoirlínte. Mar sin féin, cé gur thit an ráta glactha ar dtús, tháinig feabhas seasta air agus faoi dheireadh 2022 bhí sé ag druidim leis na leibhéil a bhí ann sula raibh na Treoirlínte ann. Mar a léirítear inár dtuarascálacha meándámhachtainí, tá meánluachanna dámhachtana réasúnta comhsheasmhach ó tugadh na Treoirlínte isteach. Tá laghdú idir 38% agus 42% tagtha ar leibhéil na ndámhachtainí i gcomparáid le leibhéil dámhachtana sula raibh na Treoirlínte ann.

## Tionchar na dTreoirlínte – Tuarascálacha PIAB ar na Meándámhachtainí

Tá 3 thuarascáil foilsithe ag PIAB ar luachanna meándámhachtainí agus ar threochtaí díobhála ó tugadh na Treoirlínte isteach. Tugtar sna tuarascálacha sonraí faoin gcaoi ar cuireadh na Treoirlínte i bhfeidhm, rud a chuireann le trédhearcacht sa réimse. Ba é cuspóir na dtuarascálacha seo léargas a thabhairt ar threochtaí maidir le díobhálacha pearsanta agus dámhachtainí.

Is é an rud a léirítear i dtuarascálacha PIAB ar mheánluachanna dámhachtana díobhála pearsanta i dtéarmaí leathana ná laghdú mór ar luach na meándámhachtainí ó tugadh na Treoirlínte isteach.

Ba é €12,273 an meánmhéid iomlán Damáistí Ginearálta don chéad leath de 2022, is iad sin damáistí a bronnadh ar phian agus ar fhulaingt. Bhí sé seo i gcomparáid le meánmhéid Damáistí Ginearálta de €21,850 in 2020, ar laghdú 44% é ar mheánmhéideanna in 2020 agus ar mhéideanna sula raibh na treoirlínte ann.

Léirítear sna tuarascálacha freisin athrú suntasach ar an raon luachanna dámhachtana ó tugadh na Treoirlínte isteach. Sula raibh na Treoirlínte ann, bhí thart ar 12% de na héilimh ar luach €10,000 nó níos lú. Ó tugadh na Treoirlínte isteach, tá sé seo méadaithe go 49% le 20% díobh ar luach faoi bhun €5,000. Maidir le próifílí díobhála, bhain 53% de na héilimh a ndearnadh measúnú orthu le gortuithe droma nó muiníl, agus ba mhionghortuithe iad breis is 90% díobh seo.

> “ Sula raibh na Treoirlínte ann, bhí thart ar 12% de na héilimh faoi luach €10,000. Ó tugadh na Treoirlínte isteach, tá sé seo méadaithe go 49%

## An tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta 2022

Tá PIAB tiomanta ár bpáirt a ghlacadh sa chlár oibre níos leithne um athchóiriú árachais. Teastaíonn cur chuige comhchoiteann agus comhtháite chun árachas a athchóiriú. Bhí plean gníomhaíochta le haghaidh athchóirithe mar thoradh ar chlár athchóirithe an Rialtais. Gné lárnach den phlean seo ba ea PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú.

Síníodh píosa nua reachtaíochta, an tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta 2022 ina dhlí an 13 Nollaig 2022. Feiceann an tAcht éabhlóid ó mheasúnú éileamh go réiteach éileamh. Tá sé seo ina phíos reachtaíochta an-suntasach le haghaidh PIAB. Leathnaíonn sé ról PIAB agus cuireann sé leis na bealaí inar féidir le PIAB éilimh a réiteach ar mhaithe le gach páirtí. Cuirfidh an reachtaíocht ar chumas PIAB raon níos leithne seirbhísí a thairiscint – beidh níos mó roghanna ag páirtithe a bhfuil éilimh acu a n-éilimh a réiteach in PIAB, seachas dul i mbun dlíthíochta, as a dtiocfaidh torthaí níos fearr d'éilitheoirí agus do fhreagróirí agus ag an am céanna beidh tuilleadh coigilteas ann i gcostais éileamh díobhálacha pearsanta.

Sainordaíonn sé soláthar méadaithe faisnéise poiblí ionas go mbeidh na páirtithe ar an eolas faoi na tairbhí a bhaineann le seirbhísí PIAB, agus forálann sé freisin go gcuirfidh éilitheoirí níos mó sonraí ar fáil. Tugann an reachtaíocht cumhacht freisin do PIAB faisnéis níos mó a sholáthar don Gharda Síochána, mar chuid de bhearta chun calaois san earnáil díobhálacha pearsanta a laghdú.

Is é an tAcht fán mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta an t-athrú is suntasaí ar ról PIAB ó bunaíodh é. Tagann an tAcht i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus cheana féin in 2023 tá tús curtha leis an gcéad chéim i mí Feabhra.

Áirítear leis an gcéad chéim;

- Síneadh ar an am ceadaithe nuair is gá an díobháil a shocrú agus a áirithiú gur féidir déileáil le cásanna de dhíobháil atá go hiomlán síceolaíoch.
- Forálacha a chlúdaíonn costais sa chás nach bhfuil dámhachtain chúirte níos airde ná luach an mheasúnaithe PIAB.
- Cion a dhéanamh de faisnéis bhréagach a sholáthar do PIAB.

In 2023, de réir mar a chuirtear tús le codanna éagsúla den reachtaíocht, leathnófar seirbhísí PIAB chun seirbhís idirghabhála a thairiscint. Ina theannta sin tabharfar isteach athruithe ar phróiseas iarratais PIAB chun bearta frithchalaoise níos fearr agus sonraí níos láidre a chumasú roimh ré. Chun éileamh a admháil mar éileamh iomlán, beidh faisnéis níos mionsonraithe de dhíth ar PIAB ón éilitheoir ina n-iarratas.

## Idirghabháil

Is próiseas deonach rúnda í an idirghabháil trína n-éascaítear na páirtithe féin teacht ar réitigh. Is modh neamhsháraíochta é agus aithnítear é mar mhodh éifeachtach um réiteach díospóide. Cuirfidh idirghabháil ar chumas PIAB raon níos leithne seirbhísí a thairiscint chun níos mó éileamh díobhála pearsanta a réiteach. Leis an reachtaíocht nua lena ndéantar foráil d'idirghabháil, neartaítear PIAB ina chuid oibre chun deireadh a chur le costais dlíthíochta costasacha agus fada.

Tá rogha idirghabhála PIAB ceaptha chun ligean do pháirtithe iarracht a dhéanamh teacht ar shocrú agus réiteach éilimh a éascú. Ligeann idirghabháil do pháirtithe rochtain thapa a fháil ar phróiseas costéifeachtach a d'fhéadfadh toradh sásúil a thabhairt dóibh in achar gearr ama. D'fhéadfadh an bpróiseas a bheith solúbtha agus, más cuí, gan a bheith chomh foirmiúil le próisis eile um réiteach díospóide. Is iad na páirtithe féin a shocraíonn conas a réitítear saincheisteanna. Tá PIAB ag súil le tús a chur le soláthar na hidirghabhála ar bhonn céimnithe go déanach in 2023.

## Scéim Chúiteamh an Gharda Síochána

Tugann Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh) 2022 éilimh chúitimh an Gharda faoi shainchúram PIAB. Rachaidh an reachtaíocht, nár cuireadh i bhfeidhm go dtí 2023, chun tairbhe d'éilitheoirí tríd an méid ama a thógann sé ar éileamh Chúiteamh an Gharda Síochána dul ar aghaidh ón iarratas tosaigh go dtí an dámhachtain a laghdú i gcás díobhálacha do Gharda a rinneadh go mailíseach. Soláthraíonn sé bealaí chun socrú agus réiteach chomh luath agus is féidir le measúnú neamhspleách ar an díobháil, agus cúiteamh ó PIAB. Roimh an reachtaíocht nua seo, b'éigean gach éileamh cúitimh de chuid an Gharda Síochána a éisteacht san Ard-Chúirt. Chuir sé seo costas, am agus strus suntasach ar na híospartaigh, agus chuir sé costas suntasach leis an Stát freisin. Faoin gcóras nua, mura socraítear an cás go díreach leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, cuirfear na cásanna faoi bhráid PIAB agus i gcás nach nglacann ceachtar páirtí le dámhachtain cúitimh ag céim PIAB, agus sa chás sin amháin, a rachaidh na cásanna chun na cúirte. Is tábhachtaí anois gur féidir imeachtaí a thabhairt chuig an gcúirt a bhfuil dlínse ábhartha airgeadaíochta aici chun déileáil leis, seachas an Ard-Chúirt amháin.

**Go hachomair, tá an chéim ullmhaithe ag na leasuithe go léir thuas do thimpeallacht fheabhsaithe díobhálacha pearsanta, rud atá riachtanach chun éilimh a réiteach go cothrom agus chun costais éileamh inseachanta a bhaint tuilleadh. Mar thoradh air sin, ba cheart go mbeadh fáil níos forleithne ar chumhdach árachais, go háirithe maidir le hárachas dliteanais phoiblí agus ba cheart go n-áiritheofaí go mbeadh préimheanna árachais níos ísle ná mar a bheadh siad murach é.**

> Tugann Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh) 2022 éilimh chúitimh an Gharda Síochána faoi shainchúram PIAB

# 4. Ag Seachadadh dár gCustaimeirí

## Buaicphointí

1. **Infheistíocht €3m sa Chlár um Chlaochlú Digiteach**
2. **Feachtais fógraíochta agus freastal na meán sóisialta a leathnú**
3. **Déileáladh le breis agus 260,000 ríomhphost**
4. **255,194 cuairt ar an suíomh gréasáin**

> Tá do chóras an-simplí & éasca le húsáid. Tá ríméad orm leis an toradh agus tá feabhas tagtha ar mo chuid coinníollacha oibre tar éis mo thimpiste.
>
> **Aiseolas ó íospartach timpiste a d'úsáid PIAB**

Is tosaíocht do PIAB é seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar ina chuid oibríochtaí go léir. Teastaíonn uainn eispéireas an chustaiméara agus an raon seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go seasta, agus na seirbhísí sin a dhéanamh chomh cuíchóirithe, chomh freagrúil agus chomh hinrochtana agus is féidir dár gcustaiméirí go léir.

### Clár um Chlaochlú Digiteach

I rith 2022 chuireamar tús le ceann de na tionscadail is mó ó bunaíodh sinn. Feabhsóidh an Clár um Chlaochlú Digiteach an chaoi a n-idirghníomhaíonn PIAB le custaiméirí agus an chaoi a gcuirimid faisnéis ar fáil. Tiocfaidh sé in ionad ár gCóras reatha um Bainistiú Éileamh.

Táthar ag súil go ndéanfar an chéad chéim den chóras nua a sheachadadh níos déanaí i mbliana, tar éis soláthar poiblí a thabhairt chun críche in 2022. Feabhsóidh an córas nua ár dtairseach gréasáin reatha, inar féidir an dá dhoiciméad a uaslódáil go héasca agus inar féidir le hárachóirí, le héilitheoirí díreacha agus le dlíodóirí dul chun cinn éilimh a fheiceáil inár bpróiseas. Feabhsóidh sé sin eispéireas custaiméirí tríd a mbealach a fhaigheann siad rochtain ar ár gcóras a fheabhsú. Feabhsóidh sé modhanna cumarsáide agus ceadóidh sé faisnéis a mhalartú go héifeachtúil agus go tráthúil. Tacóidh sé le foirne PIAB le seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla dár gcuid Custaiméirí agus déanfaidh sé sin trí theicneolaíocht a bharrfheabhsú agus aistriú chuig timpeallacht dhigiteach níos fearr le próisis a fheabhsú, lena n-áirítear bainistíocht cáipéisí sreabhadh oibre.

> Go raibh maith agat as ár gcuid maíomh a phróiseáil agus a réiteach i mbealach chomh sciobtha agus éifeachtach leis sin...cheap muid go raibh próiseas maímh an PIAB oibiachtúil, oscailte agus cóir.
>
> **Aiseolas ó íospartaigh timpiste a d'úsáid PIAB**

## Seirbhís do Chustaiméirí

Soláthraíonn PIAB seirbhísí dá chuid custaiméirí trí raon leathan cainéal:

**Freagraíodh 22,000 glao teileafóin in 2022** (-13% vs 2021)

Phléamar le **261,338** ríomhphost isteach (+33%)

**Eagraíodh 12,647** coinne leighis.(-25%)

**Freagraíodh** 371 comhrá ar líne (-18%)

**Pléadh le 229,397 mír** comhfhreagrais maidir le héilimh reatha (+25%)

**Is é 43 shoicind** an meánam feithimh le labhairt le duine dár gcuid gníomhaithe

Leis an gcóras digiteach nua cinnteofar go mbeimid in ann feabhsúcháin iarbhír a dhéanamh ar an anailís agus ar an tuairisciú ar shonraí, ar ceann de na bealaí é ina dtugann PIAB breisluach. Ar an mbealach sin déanfar athruithe dearfacha ar an mbealach a bhfeidhmíonn an gnóthas, agus cabhrófar leis an gclár leasaithe agus le forbairt beartais, cosc timpistí agus cur chun cinn na sábháilteachta, chomh maith le trédhearcacht.

Tabharfaidh PIAB bealach eile isteach le cabhrú le custaiméirí i mbliana, nuair a ghlacfaimid le teachtaireachtaí SMS a choinneoidh ar an eolas iad agus a dtabharfaidh foláirimh dóibh faoi choinní scrúdaithe leighis, ionas go mbeidh siad in ann an córas a úsáid ar bhealach chomh háisiúil agus is féidir.

## Gearáin Custaiméirí

Foilsítear Cairt Chustaiméirí ar an láithreán gréasáin agus leagtar amach inti gealltanas PIAB chun seirbhíse do chustaiméirí agus an próiseas chun gearán a dhéanamh i gcás nach bhfuil custaiméir sásta lenár seirbhís. Nuair a chloisimid tuairimí custaiméirí cabhraítear linn lenár seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus ár gcuid seirbhísí a fhorbairt níos mó, mar sin bímid an-bhuíoch as aiseolas ar bith. In 2022 fuair PIAB 84 ghearán san iomlán trínár nós imeachta foirmiúil chun gearáin a dhéanamh. Cuirtear é sin i gcomparáid le 85 ghearán in 2021. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ba iad na gearáin a bhain le scrúduithe leighis na cinn ba choitianta a fuarthas. Bhain na réimsí eile ina bhfuarthas gearáin le saincheisteanna riaracháin agus leis na hathruithe a tharla de thoradh na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta. Ba ionann gearáin agus níos lú ná 0.5% de gach iarratas a rinneadh in 2022, ach níl aon amhras ach gur custaiméir míshásta atá i gceist le gearán ar bith, agus mar sin déileáiltear i ndáiríre le gach gearán, agus foghlaimítear ceachtanna áit is féidir.

## Suíomh gréasáin

Tugadh 255,194 cuairt ar ár láithreán gréasáin i rith 2022. Cuirtear é sin i gcomparáid le 254,336 cuairt in 2021. Tháinig 36,517 cuairteoir nua chuig an láithreán gréasáin in 2022.

Reáchtáladh feachtas mór fógraíochta ilchainéil in 2022 a chuimsigh infheistíocht bhreise i bhfógraíocht ar na meáin shóisialta, agus a thóg níos mó daoine chuig ár láithreán gréasáin.

Rinneamar nuashonrú rialta ar ábhar ar ár láithreán gréasáin i rith na bliana, lenar áiríodh ábhar i 14 theanga agus i nGaeilge agus i mBéarla chomh maith.

## Na Meáin Shóisialta

Tugann ár gcuid cainéal ar na meáin shóisialta deis dúinn teachtaireachtaí a chur in iúl do lucht sprice níos leithne maidir le hábhair atá ábhartha dóibh. Trínár gcuid cainéal déanaimid iarracht timpeallacht a chruthú a chuireann chun cinn cumarsáid dhearfach, shoiléir agus thráthúil.

Bhíomar an-ghníomhach i rith na bliana i réimse na meán sóisialta, agus muid ag plé lenár leantóirí trí phostálacha rialta ina raibh faisnéis úsáideach. Tá trí chaineál ag PIAB ar na meáin shóisialta atá gníomhach faoi láthair Twitter, (@PIABIreland) LinkedIn (Personal Injuries Assessment Board) and Facebook (@PIABIreland). Tháinig méadú seasta go os cionn 1,000 ar líon leantóirí PIAB ar Twitter i rith na bliana.

Bhunaíomar cuntas LinkedIn agus leathanach Facebook i rith na bliana agus phostálamar go rialta. Tá os cionn 800 leantóir ag ár leathanach LinkedIn agus pléadh go gníomhach leis i rith na bliana.

## Feachtas Fógraíochta

Rith PIAB feachtas fógraíochta in 2022 agus béim láidir ann ar fheasacht a mhéadú faoi PIAB agus faoin bhfáth gur cheart do dhaoine ár gcuid seirbhísí a úsáid. Ritheadh an feachtas ar an raidió náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach, sa phreas náisiúnta agus réigiúnach, ar na meáin shóisialta agus le cuardach gréasáin. Leagadh béim ar PIAB mar chomhlacht neamhchlaonta chun éilimh díobhála pearsanta a mheasúnú, agus ar na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta. Tharraing na fógraí aird ar an bhfíric go n-úsáideann PIAB na treoirlínte céanna leis na cúirteanna agus cúiteamh á ríomh agus go bhfuil próiseas PIAB níos tapúla agus níos saoire i gcomparáid leis an dlíthíocht. Leanfaidh PIAB ar aghaidh ag méadú ár gcuid oibre maidir le heolas don phobal agus plé leis sa bhliain atá romhainn.

Tháinig an feachtas sin i ndiaidh feachtais níos luaithe ar na meáin sóisialta bunaithe ar an sluán 'Go dtaga biseach ort go luath!' inar leagadh béim ar an bpointe go bhfuil seirbhís PIAB níos fearr do gach duine ar gheall ar na costais ísle dlí a ghabhann leis, agus toisc go dtugann sé réiteach i bhfad níos luaithe ná an dlíthíocht.

## Tionchar an Fheachtais Fhógraíochta



**Raidió: 6,670,472** | **Preas: 1,040,000** | **Digieach: 753,084** | **Tionchar Sóisialta: 12.3M** | **Torthaí Cuardaigh Fógraíochta: 40,786**

Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries
Assessment Board*

Follow

# Ár gCumarsáid

PIAB
@PIABIreland

Our CEO, Rosalind Carroll and our Operations Manager, Peter O'Brien were delighted to present to the members of The Insurance Institute today. Thank you @insti_ie for the opportunity and we look forward to our next event with you.




Step 5 of our #5StepProcess to making a claim:

You and the respondent (the person or organisation you're claiming from) both receive a PIAB Notice of Assessment which sets out the PIAB compensation amount.

The respondent has 21 days to accept the assessment and the claimant (you) has 28 days.

Where both parties accept the amount of compensation, PIAB issues a document called an Order to Pay, instructing the respondent to pay the sum. Following that, the respondent issues the settlement amount.

ℹ https://bit.ly/42GoEd1



# 5. Conas a Oibrímid

## Eagraíocht PIAB

Tá Príomhfheidhmeannach an PIAB, Rosalind Carroll, freagrach as ceannaireacht, treo straitéiseach agus bainistíocht na heagraíochta agus tacaíonn Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin léi ina ról.

Is iad baill na foirne sin: Eileen Devereux, Príomhoifigeach Oibríochtaí; Helen Moran, Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Gnó; Stephen Watkins, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha; Bernadette King, Stiúrthóir Airgeadais agus Córas Airgeadais

Tuigtear dúinn go bhfuil ár bhfoireann lárnach maidir le seachadadh ár seirbhísí reatha agus amach anseo, agus táimid tiomanta dár bhfoireann a fhorbairt agus d'ardleibhéal feidhmíochta a chinntiú.

## Luachanna

Is iad seo a leanas na luachanna a gcuirimid romhainn iad a chur i bhfeidhm go fírinneach agus cloí leo inár rannpháirtíocht laistigh agus lasmuigh den eagraíocht san obair a dhéanaimid:

- **Comhoibriú**
- **Meas**
- **Oscailteacht**
- **Ionracas**

## Filleadh ar an Oifig agus Cleachtais Oibre Sholúbtha

Dála gach eagraíochta, bhí tionchar ag an bpaindéim ar oibríochtaí PIAB. Bhí obair sholúbtha i gceist linn riamh anall, agus le trí bliana anuas thugamar isteach cianobair chun ár seirbhísí a chothabháil.
In 2022 thug PIAB samhail oibre chumaisc isteach lena n-áirítear cianobair agus obair atá lonnaithe san oifig. Is luach tábhachtach é comhoibriú in PIAB agus tá sé thar a bheith tábhachtach nuair atá clár leathan i dtaobh athruithe le seachadadh agus tá sé sin ríthábhachtach maidir lenár bhfilleadh ar an oifig.

## Folláine agus Oiliúint Fostaithe

Reáchtálamar seimineáir ar fhilleadh ar thimpeallacht oifige chun dul i ngleic le haon ábhar eagla nó imní a d'fhéadfadh a bheith ann i measc na foirne. Leanadh ar aghaidh lenár dtionscnaimh folláine le linn 2022 agus cuireadh scagthástáil sláinte dheonach, tairiscint vacsaíní fliú, agus seimineáir ghréasáin ar fáil i dtaobh shláinte na bhfear agus an mheanapáis. Leanamar freisin dár saoráidí foirgnimh a chothabháil de réir an chleachtais is fearr chun scaipeadh an víris a chosc.

Ní hamháin go dtéann infheistíocht i bhforbairt ghairmiúil chun tairbhe don fhostaí, ach téann sí chun tairbhe don eagraíocht freisin. In 2022, rinne ár bhfoireann an-chuid cúrsaí oiliúna thar raon réimsí ábhar.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Is eagraíocht muid a cheiliúrann an éagsúlacht agus a chuireann fáilte roimh an luach a bhaineann léi. Cuireann éagsúlacht laistigh den eagraíocht deis ar fáil lenár seirbhísí a uasmhéadú chun freagairt don éagsúlacht sa tsochaí ar a bhfreastalaímid. Mar chomhlacht poiblí, ach mar chomhlacht chomh maith a fhreastalaíonn ar dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh, ba mhaith linn fórsa saothair ilghnéitheach a chothú agus deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóir a chur chun cinn, agus cearta daonna na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus dár bhfoireann a chosaint. Tuigtear dúinn go dtreisíonn an éagsúlacht sinn agus go léiríonn sí Éire nua-aimseartha agus na daoine ar a bhfreastalaímid, agus d'eagraíomar tionscnaimh sa réimse seo i rith na bliana. Chuir beagnach 12% dár bhfoireann in iúl dúinn go bhfuil siad faoi mhíchumas.

Maidir le Próifíl Pá Inscne is mná iad 60% dár bhfoireann, agus baineann an fhoireann sin le 60% de ghráid na bainistíochta sinsearaí (grád an Phríomhoifigigh agus níos airde). Ba é 74 an líon foirne ag deireadh 2022. I rith na bliana d'earcaíomar aon bhall foirne nua.

## Próifíl Inscne PIAB De réir Gráid

| Grád | Mná | Fir |
|---|---|---|
| Oifigeach Cléireachais | 63% | 37% |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 75% | 25% |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 70% | 30% |
| Príomhoifigeach Cúnta | 41% | 59% |
| Príomhoifigeach/Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin | 62% | 38% |

### Comhaltaí an Bhoird




### An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin




### Foireann PIAB



## Measúnú Boird

I rith 2022 reáchtáladh measúnú inmheánach Boird agus an ceistneoir caighdeánach á úsáid. Chuimsigh measúnú an Bhoird anailís ar an meascán inscne, éagsúlachta agus scileanna sa Bhord. Ag deireadh na bliana shroich an Bord sprioc an Rialais d'ionadaíocht 40% ar a laghad ar gach inscne ina bhallraíocht. Rinneadh athbhreithniú éifeachtúlachta ar leithligh ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchóireachta & Riosca. Tugadh tuairisc do na Comhaltaí go léir ar fhionnachtana mheasúnú an Bhoird agus an athbhreithniú éifeachtúlachta ar an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca.

## Cosaint Sonraí

Tá PIAB tiomanta d'ardchaighdeáin a chinntiú i ndáil le cosaint sonraí a bhaineann le sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire atá ina sheilbh agus á bpróiseáil aige. Tá Cód Cleachtais Cosanta Sonraí foilsithe ag PIAB ar a shuíomh gréasáin agus tá beartais agus próiseas cuimsitheach bunaithe aige chun sonraí agus cearta na ndaoine is ábhair do sonraí a chosaint. Cuirtear oiliúint agus cruinnithe faisnéis rialta ar fáil don fhoireann agus déantar faisnéis cosanta sonraí a chomhtháthú sna próisis agus nósanna imeachta oibriúcháin. Thiomsaigh PIAB líon suntasach Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí le linn 2022 ina ndearnadh measúnú ar an riosca a bhain le cineálacha éagsúla próiseála, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar dhaoine is ábhar do na sonraí, agus cibé acu an bhféadfaí leanúint lena leithéid de phróiseáil le rialuithe molta. PIAB bearta teicniúla agus oibríochtúla chun a chuid sonraí a chosaint lena n-áirítear balla dóiteáin, bogearraí frithvíreas, tástáil ionraidh, cosaint agus criptiú pasfhocail.

## Saoráil Faisnéise

Tá PIAB ar cheann de na heagraíochtaí atá clúdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise. D'fhreagair an eagraíocht do roinnt iarratas a bhain le cásanna agus roinnt iarratas níos ginearálta in 2022. Faoina Scéim Foilseacháin SF, foilsíonn PIAB faisnéis maidir lena sheirbhísí, eolas airgeadais, agus soláthar ar a shuíomh gréasáin.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann PIAB faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a sholáthraíonn creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Chomh maith leis sin, foilsítear ár nDoiciméad Straitéise i nGaeilge agus i mBéarla agus tá faisnéis d'éilitheoirí agus do fhreagróirí le fáil ar ár suíomh gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla. Ciallaíonn forfheidhmiú na forála dlí ó Dheireadh Fómhair na bliana seo caite faoin Acht a chlúdaíonn fógraíocht go bhfuil ceanglas anois ar gach comhlacht poiblí a chinntiú go bhfuil ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil i nGaeilge agus go gcaitheann siad 5% dá mbuiséad fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge. Táimid tar éis a chinntiú go bhfuilimid comhlíontach go hiomlán ó tugadh an fhoráil seo isteach.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag PIAB ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta nua ina gcuimsítear gach gné de leas foirne Lena chois sin, tá glactha againn le nósanna imeachta sonracha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht i dtaca leis an bpaindéim agus le Filleadh ar an Obair.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Baineann úsáid fuinnimh PIAB ina fhoirgneamh le leictreachas a úsáidtear le haghaidh téimh/aerchóirithe, soilse agus oibriú threalamh TF. De réir mar a chuir an eagraíocht i bhfeidhm an Filleadh ar an Oifig i rith 2021 agus 2022, tháinig méadú dá bharr ar úsáid fuinnimh. Is ionann an laghdú ar ár n-úsáid Fuinnimh mar a tuairiscíodh do SEAI ón mbonnlíne in 2009

go 2022 agus 62.10%. D'úsáid PIAB go díreach 109,850 KWh d'fhuinneamh, a chuimsigh úsáid leictreachais go príomha. Ar an iomlán, tháinig méadú 20.25% ar úsáid leictreachais ó 2021 go 2022 inár bhfoirgneamh i dTamhlacht, Baile Átha Cliath. Ó bhí 2022 ann, tá clár de bhearta coigiltis fuinnimh tionscanta ag PIAB, a dtabharfaimid tuairisc orthu sa chéad Thuarascáil Bhliantúil eile.

## Comhionannas Fostaíochta

Is cúis bróid do PIAB go bhfuil sé ina fhostóir comhdheiseanna. Déanaimid cinntí fostaíochta beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil. Tugaimid cúnamh agus/nó cuirimid socruithe réasúnacha ar fáil d'aon fhostaí nó d'fhostaí ionchasach faoi mhíchumas. In 2022 dhearbhaigh breis agus 15% d'fhostaithe PIAB go raibh míchumas orthu. Ceiliúraimid éagsúlacht agus cothaímid timpeallacht ina gcuirtear fáilte roimh éagsúlacht cúlraí, dearcthaí, cumais agus scileanna, óir tuigtear dúinn nach féidir ach próifíl éagsúil fostaithe ionadaíocht a dhéanamh go fírinneach ar chumais agus ar chúlraí éagsúla ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara.

## Cearta an Duine

Cuireann Cairt Custaiméirí PIAB de cheangal ar an eagraíocht caitheamh go cothrom, go cóir agus go measúil le custaiméirí. Tá PIAB airdeallach ar na catagóirí daoine atá á gcosaint faoi dhlí comhionannais agus ní dhéanann sé aon idirdhealú ar bhonn ar cheann de na forais atá sonraithe san Acht um Stádas Comhionann 2000-2015 (ASC) i ndáil le soláthar earraí. Ní dhéanann PIAB idirdhealú ar na forais seo a leanas - inscne; stádas sibhialta; stádas tuismitheoireachta; stádas máithreachais; stádas teaghlaigh; gnéaschlaonadh; reiligiún; aois; cine, náisiúntacht, nó cúlra eitneach; ballraíocht den Lucht Taistil; nó míchumas.

Soláthraíonn PIAB seirbhísí do gach éilitheoir nó freagróir, a bhaineann le héilimh atá déanta i bPoblacht na hÉireann agus déanann sé cinntí bunaithe ar a ról agus freagrachtaí faoin reachtaíocht lena n-áirítear na hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, arna leasú, agus dlíthe ábhartha eile. Tá tiomantas PIAB do mheasúnú cóir, éifeachtúil agus trédhearcach éileamh sonraithe go soiléir ar a shuíomh gréasáin. Tá suíomh gréasáin nuashonraithe PIAB scríofa go simplí agus go soiléir agus tá sé forbartha chun rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas radhairc.

# 6. Rialachas & Ráitis Airgeadais

## Rialachas

Is comhlacht Stáit neamhthráchtála é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Tá a chuid feidhmeanna agus dualgas sonraithe sna hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 go 2022. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas PIAB. Cuireann an Bord an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú don eagraíocht agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist gnó agus dualgais mhuiníneacha eile.

Is é an Príomhfheidhmeannach (POF) agus an fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh an PIAB. Leanann an POF agus an fhoireann bhainistíochta an treo straitéiseach ginearálta atá sonraitheag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eintiteas,lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an POF mar phointe teagmhála díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta PIAB.

## Mar a oibríonn an Bord – Ról agus freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe i dTéarmaí Tagartha an Bhoird, ina sonraítear nithe a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord ina leith. I measc na nithe buana a bhreithníonn an Bord tá:

- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca
- Tuarascálacha feidhmíochta ón POF agus foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, agus
- Tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta

Chomh maith leis sin, breithníonn an Bord nithe a bhaineann go sonrach leis, lena n-áirítear:

- A chinntiú go bhfeidhmíonn an Bord de réir theorainneacha a údaráis reachtúil agus/nó aon údaráis tarmligthe comhaontaithe leis an Aire;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht phróisis agus chórais bainistíochta riosca an Bhoird chun sainaithint, monatóireacht agus rialú éifeachtach rioscaí a chinntiú;
- Measúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas rialaithe agus bainistíochta riosca inmheánach;

- Comhaontú maidir le nósanna imeachta ceannacháin an Bhoird, lena n-áirítear na leibhéil tarmligthe údaráis;
- Ceannacháin/conarthaí suntasacha a cheadú;
- Aon athruithe suntasacha ar bheartais nó ar chleachtais chuntasaíochta a cheadú;
- Tuarascálacha Bliantúla a cheadú;
- An Buiséad Bliantúil a cheadú agus a mhonatóiriú;

Ceanglaíonn Alt 77 d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, ar an mBord ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais PIAB léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais PIAB amhail an 31 Nollaig 2022.

Mar atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le fáil sna Ráitis Airgeadais ar cuid den Tuarascáil Bhliantúil seo iad, chuir an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha i gcrích laistigh den eagraíocht i ndáil leis an mbliain. Bhí an t-athbhreithniú seo bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus Feidhmeannas na heagraíochta atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe. Chinn an Bord go raibh sé sásta maidir le héifeachtacht an chórais de rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san eagraíocht.

Le linn na bliana, rinne an Bord measúnú ar phriomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear cur síos ar an riosca agus ar na bearta nó straitéisí gaolmhara a bhfuil sé mar aidhm leo na rioscaí seo a rialú agus a mhaolú. Chinn Comhaltaí Boird go raibh siad sásta leis an gcreat bainistíochta riosca agus leis na próisis ghaolmhara atá i bhfeidhm.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord déanta suas de Chathaoirleach, agus de naonúr comhaltaí (neamhfheidhmiúcháin) agus den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is é an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta a cheapann Comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse shainithe de réir théarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

Bhí naoi gcruinniú ag an mBord i rith 2022. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus comhlachtaí den fheidhmeannacht ar chruinnithe Boird chun críocha nithe ábhartha a phlé. I rith 2022 bhí cruinnithe ag comhaltaí an Bhoird le chéile, nuair nach raibh Comhaltaí Feidhmiúcháin i láthair, chun aon nithe a measadh a bhí ábhartha a phlé. Tá liosta le fáil sa tábla thíos de na Comhaltaí Boird ar fad a bhí i mbun oibre in 2022 agus a dtaifead tinrimh ag cruinnithe Boird.

## Liosta iomlán de Chomhaltaí Boird i rith 2022

| Ainm | | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach | 9 as 9 |
| Rosalind Carroll | Príomhfheidhmeannach | 9 as 9 |
| Colette Crowne | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 1 as 1 |
| Aengus Cummins | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 7 as 9 |
| Conor Faughnan | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 1 as 1 |
| Karen Furlong | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 7 as 9 |
| Nuala E. Jackson | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 9 as 9 |
| Cathal Lafferty | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 8 as 9 |
| Marion O'Brien | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 8 as 9 |
| An Dr Jean O'Sullivan | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 7 as 9 |
| John Shine | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 9 as 9 |
| Jonathan Small | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 6 as 7 |

Rúnaí don Bhord – Stephen Watkins (Taifead tinrimh: 9 as 9)

### Athruithe ar Chomhaltaí Boird

Ceapadh Jonathan Small ón 1 Márta 2022. Ceapadh Conor Faughnan ón 8 Samhain 2022. D'éirigh Colette Crowne as ar an 28 Eanáir 2022. Ag deireadh na bliana ní raibh aon fholúntais ar an mBord.

### Coistí Boird

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta agus Riosca a raibh roinnt Comhaltaí Boird páirteach ann. Is é an ról atá ag an gcoiste tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste ag feidhmiú neamhspleách ar fhoireann bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste i rith 2022. Anseo thíos tá sonraí maidir le comhaltacht an Choiste i rith na bliana:

**Comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca 2022**

| Ainm | Taifead Tinrimh |
|---|---|
| Cathal Lafferty (Cathaoirleach) | 6 de 6 |
| Aengus Cummins | 6 de 6 |
| Karen Furlong | 6 de 6 |
| John Shine | 5 de 6 |

Rúnaí: Stephen Watkins

**Táillí agus Costais Boird**
Tá sonraí na dtáillí a íocadh le Comhaltaí Boird leagtha amach thíos. Mar a tharla i rith na mblianta roimhe seo, níor íocadh aon chostais le Comhaltaí Boird.

| Ainm | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 0 | 3,990 |
| Aengus Cummins | 11,970 | 11,970 |
| Karen Furlong | 11,970 | 11,970 |
| Nuala E. Jackson | 11,970 | 11,970 |
| Margot Slattery | 0 | 3,990 |
| Conor Faughnan | 1,112 | 0 |
| **Iomlán** | **57,542** | **64,410** |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2022 mar gur cuireadh an prionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' i bhfeidhm: Cathal Lafferty, An Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne, John Shine, Marion O'Brien, Jonathan Small agus Rosalind Carroll.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag PIAB. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid:

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

(Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 3 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Costais Chomhairleachta

(Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 5 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Costais agus Socruithe Dlí

(Tá an nochtadh a bhaineann le comhairle ghinearálta dlí le fáil i Nóta 5 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

(Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 5 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Caiteachas Fáilteachais

(Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 5 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí an Cód Cleachtais ina iomláine á chomhlíonadh ag PIAB i rith 2022.



**Sínithe**
**Dermot Divilly**
**Cathaoirleach**
28/9/2023



**Sínithe**
**Rosalind Carroll**
**Príomhfheidhmeannach**
28/9/2023

## Rialachas Corparáideach

- **Riosca:** Sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit tá sonraí faoi na caighdeáin nach mór do PIAB cloí leo i réimse an Rialachais Chorparáidigh, na Comhlíontachta agus an Riosca. Bhí sé chruinniú foirmiúil ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca i rith 2022. Le linn na bliana rinne an Feidhmeannas athbhreithniú foirmiúil ar Riosca chun an Clár Riosca eagraíochtúil a chuimsiú agus cuireadh faoi bhráid an Choiste é. Tugadh chun críche athbhreithniú ar bheartas PIAB um Chreat Bainistíochta Riosca i rith na bliana.
- **Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú:** Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag PIAB lena chinntiú go bhfuil an Cód nua a tugadh isteach i Lúnasa 2016 agus ar ghlac an Bord leis go foirmiúil á chomhlíonadh go hiomlán aige. Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird comhlíonadh an Chóid ag PIAB go foirmiúil don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta gach bliain. Cuimsítear anseo deimhniú go bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí á chomhlíonadh agus go bhfuiltear ag cloí leis. Mar chuid de cheanglais an Chóid, tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse forbartha lenár máthair-Roinn.
- **Eitic in Oifig Phoiblí:** Tagann PIAB laistigh de raon feidhme an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun cloí leis an Acht. Dá réir sin, más gá, tá ráiteas leasanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus ag comhaltaí foirne a bhfuil poist ainmnithe acu, ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Anuas air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm leasanna a nochtadh go leanúnach ag Comhaltaí Boird, ceist a chuirtear ag tús gach cruinnithe Boird. Tá comhaltaí foirne atá ag feidhmiú ag leibhéal bainistíochta faoi réir na reachtaíochta seo freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag PIAB ar mhaithe le forálacha an Achta agus na rialacháin faoi a chomhlíonadh. Tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta nua ina gcuimsítear gach gné de leas foirne Ina theannta sin, ghlacamar nósanna imeachta sonracha sláinte agus sábháilteachta maidir leis an bhfilleadh ar an oifig tar éis na paindéime agus chun ár mbeartas um obair chumaisc a chur i bhfeidhm.

## Nochtuithe Cosanta

Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun Nochtuithe Cosanta a dhéanamh, a forbraíodh i gcomhréir leis an Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 mar atá leasaithe ag an Acht um Nochtuithe Cosanta (Leasú) 2022. Sa bheartas agus sna nósanna imeachta seo leagtar amach an próiseas trína bhféadann ‘oibrí’ de chuid an PIAB nochtadh cosanta a dhéanamh, an méid a tharlóidh nuair a dhéanfar nochtadh agus an méid a dhéanfaidh an PIAB chun an té a nochtann a chosaint.

Le hAlt 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 ceanglaítear Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú gach bliain maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus aon ghníomhartha a glacadh mar fhreagra ar na nochtuithe sin. De bhun an mhéid sin féadann PIAB a dhearbhú go bhfuarthas nochtuithe cosanta i gcomhréir le forálacha Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 le haghaidh na bliana airgeadais ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn PIAB an fhreagracht atá air maidir le comhlíontacht a chinntiú i ngach ponc ábhartha le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (IR.580 de 2012), ina bhforáiltear go mbeidh ús pionóis iníoctha mura gcomhlíontar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i gconradh nó comhaontú. Is é an beartas atá againn a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go pras roimh an dáta dlite chun críocha úis agus muirear. Tá nósanna imeachta bunaithe chun dearbhuithe réasúnacha a sholáthar i gcoinne neamh-chomhlíonadh leis an Acht agus leis na Rialacháin.

## Cánachas

Deimhníonn PIAB go bhfuil dlíthe cánach á gcomhlíonadh aige. Tá nósanna imeachta bunaithe lena chinntiú go bhfuil a oibleagáidí faoi dhlíthe cánach á gcomhlíonadh ag PIAB agus go bhfuil gach dliteanas cánach á íoc ar nó roimh na dátaí dlite ábhartha.

# 7. Ráitis Airgeadais don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2022

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Faisnéis Ghinearálta** | 57 |
| **Ráiteas ar Rialú Inmheánach** | 58 |
| **Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** | 61 |
| **Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | 64 |
| **Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach** | 65 |
| **Ráiteas ar Staid Airgeadais** | 66 |
| **Ráiteas ar Shreafaí Airgid** | 67 |
| **Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais** | 68 |

# Faisnéis Ghinearálta

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach) | |
| | Rosalind Carroll (POF) | |
| | Colette Crowne | Deireadh le Comhaltas an 28 Eanáir 2022 |
| | Nuala Jackson | |
| | An Dr Jean O'Sullivan | |
| | Aengus Cummins | |
| | Karen Furlong | |
| | Cathal Lafferty | |
| | John Shine | |
| | Marion O'Brien | |
| | Jonathan Small | Tús le Comhaltas an 1 Márta 2022 |
| | Conor Faughnan | Tús le Comhaltas an 8 Samhain 2022 |
| **Oifig** | Grain House, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 PXW0 | |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, an Port Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 PF72 | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann, 4 – 6 Priorsgate, An Phríomhshráid, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 XY66 | |
| | Ulster Bank Group, Cé Sheoirse, Baile Átha Cliath 2, D02 VR98 | |
| **Aturnaetha** | Eversheds Sutherland, 1 Earlsfort Centre, Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2, D02 X668 | |
| **Suíomh gréasáin** | www.piab.ie | |

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann PIAB (an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta), aithním freagracht an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothú agus á chur i bhfeidhm i gcónaí. Áirítear leis seo riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialála Inmheánaigh

Dearadh an córas rialála inmheánaigh chun riosca a bhainistiú go dtí go bhfuil sé ar leibhéal inghlactha seachas é a chur as an áireamh go hiomlán. Ní féidir ráthaíocht absalóideach ach réasúnta a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go gcumhdaítear sócmhainn, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go gcoiscfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir treoraach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in PIAB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Timpeallacht Rialaithe

San áireamh ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca (CIR), de PIAB atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, tá daoine a bhfuil taithí dhéanaí ábhartha acu, lena n-áirítear inniúlacht i gcuntasaíocht, in iniúchadh agus i mbainistíocht riosca. Bhí cúig chruinniú ag an CIR in 2022. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag PIAB freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Oibríonn an fheidhm Iniúchta inmheánaigh de réir Chairt faofa Iniúchta Inmheánaigh, atá comhsheasmhach leis na forálacha a leagtar amach sa Chód agus socraítear ar phlean oibre a chomhaontaítear leis an CIR agus leis an mBord. Leis an bplean oibre reatha iniúchta inmheánaigh cuirtear réimsí riosca ionchasaigh atá sainaitheanta ag an eagraíocht san áireamh, le haird ar a cuspóirí straitéiseacha agus a creatlach bainistíochta riosca. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca ar thascanna a rinneadh. Leagann na tuarascálacha sin béim ar easpaí nó laigí, más ann dóibh, atá sa chóras rialaithe inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha a mholtar a dhéanamh más gá. Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag PIAB atá faofa ag an mBord, ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí na ról agus na bhfreagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Tá an beartas agus an t-ábhar ann curtha ar shúile gach ball foirne atá beartaithe le hobair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca PIAB, chun an bhainistíocht a chur ar a n-airdeall faoi laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creatlach Riosca an Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag PIAB lena sainaithnítear eochair-rioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na heochairrioscaí atá faoi PIAB agus sainaithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grádú dóibh de réir an tsuntais a bhaineann leo. Déanann an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar feadh na bliana agus rinneadh athbhreithniú le linn 2022 ag gach cruinniú. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sainithe d'aonaid/do bhainisteoirí gnó sainiúla sa chlár riosca.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar leanúint)

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm a chuimsíonn na nithe a leanas:

- tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú,
- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh gach eochairphróiseas gnó,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil, atá á athbhreithniú agus á fhaomhadh ag an mBord,
- déanann an fhoireann shinsearach agus an Bord ] athbhreithniú leanúnach ar an mbuiséad bliantúil,
- córas tuairiscithe mhíosúil chuimsithigh lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil, a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann shinsearach air,
- tá freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá athbhreithnithe rialta iniúchta inmheánaigh á ndéanamh ar rialaithe agus ar nósanna imeachta airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta.
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus cuntasacht. Áirítear ann, go háirithe:

- Tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta,
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí,
- athbhreithniú ar riosca ag gach cruinniú Boird,
- comhaontaítear plean iniúchta inmheánaigh trí bliana. Athbhreithnítear agus comhaontaítear an plean iniúchta gach bliain. Soláthraíonn an clár iniúchta inmheánaigh tuairim neamhspleách agus oibiachtúil maidir leis an timpeallacht rialaithe.

### Soláthar

Deimhním go bhfuil beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag PIAB lena chinntiú go bhfuil na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Chun dea-chleachtas sa réimse seo a chinntiú, cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil go rialta do phríomhchomhaltaí foirne agus don fhoireann bhainistíochta. Tá clár conarthaí agus plean soláthair bunaithe ag PIAB chun pleanáil chuí maidir le soláthar conarthaí a chumasú. I rith na bliana, tabhaíodh caiteachas de€11,594,300 ar earraí agus ar sheirbhísí.

Tarraingítear aird ar nithe a bhaineann le rialuithe soláthair faoi Shaincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh thíos

### Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

### Soláthar Neamh-chomhlíontach

Ní raibh aon samplaí de sholáthar neamh-chomhlíontach in 2022. Réitíodh an dá shampla de sholáthar neamh-chomhlíontach atá luaite i Ráitis Airgeadais 2021 le linn na bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar leanúint)

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag PIAB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag PIAB ar an gcóras maidir le rialú inmheánach bunaithe ar an obair atá á déanamh ag an Iniúchóir Inmheánach, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Coiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach laistigh de PIAB atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2022 curtha i gcrích ag an mBord.

Sínithe thar ceann an Bhoird;

Dermot Divilly
Cathaoirleach
28/9/2023

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Personal Injuries Assessment Board

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Personal Injuries Assessment Board for the year ended 31 December 2022 as required under the provisions of section 77 of the Personal Injuries Assessment Board Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Personal Injuries Assessment Board at 31 December 2022 and of its income and expenditure for 2022 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Personal Injuries Assessment Board and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Personal Injuries Assessment Board has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Georgina O Mahony

**Georgina O Mahony**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**
**29 September 2023**

## Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 77 of the Personal Injuries Assessment Board Act 2003
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

## Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 77 of the Personal Injuries Assessment Board Act 2003 to audit the financial statements of the Personal Injuries Assessment Board and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Personal Injuries Assessment Board's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Personal Injuries Assessment Board to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

## Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Táillí - Éilitheoir | 2 (a) | **1,004,398** | 1,172,675 |
| Ioncam Táillí - Freagróir | 2 (a) | **9,319,962** | 7,045,657 |
| Maoiniú Státchiste | 2 (b) | **2,021,004** | 0 |
| Costais a bhaineann le hÉilimh Aisíoctha | 2 (c) | **6,703,942** | 5,797,353 |
| Ioncam Eile | 2 (d) | **5,809** | 86,517 |
| **Ioncam Iomlán** | | **19,055,115** | 14,102,202 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | 3 | **6,319,524** | 6,214,354 |
| Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | 5 | **1,355,137** | 1,428,291 |
| Costais a bhaineann le héilimh | 5 | **(6,707,954)** | (5,942,892) |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 4 | **57,542** | 64,410 |
| Cóiríocht & Foirgnimh | 5 | **410,249** | 358,982 |
| Earcaíocht, Oiliúint agus Costais Acmhainní Daonna Eile | 5 | **117,512** | 64,608 |
| Faisnéis, Taighde & Cumarsáid | 5 | **479,628** | 334,496 |
| Costais Iniúchta & Ghairmiúla, Dlíthiúla & Chomhairleachta | 5 | **239,223** | 216,649 |
| Táillí Dlí | 5 | **762,074** | 1,414,636 |
| Costais TF & Teileachumarsáide | 5 | **892,654** | 690,375 |
| Riarachán Ginearálta | 5 | **394,706** | 320,364 |
| Dímheas | 6 | **191,886** | 318,833 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **17,928,090** | 17,368,890 |
| **BARRACHAS / (EASNAMH) DON BHLIAIN** | | **1,127,025** | (3,266,688) |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir** | | **1,625,311** | 4,891,999 |
| **Aistriú chuig an gCúlchiste Caipitil** | 15 | **(1,100,000)** | 0 |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | | **1,652,336** | 1,625,311 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ag an dáta tuairiscithe. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 19.

| Sínithe thar ceann an Bhoird | Sínithe thar ceann an Bhoird |
|---|---|
| Príomh-Chathaoirleach | Oifigeach Feidhmiúcháin |

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | **1,127,025** | (3,266,688) |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 14 | **(1,185,000)** | (154,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhunús leis an gcás reatha oibleagáidí an luach sochar scoir | 14 | **17,970,000** | (1,378,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir Iarchurtha | | **(16,785,000)** | 1,532,000 |
| **Ioncam cuimsitheach don bhliain** | | **1,127,025** | (3,266,688) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 19.

Sínithe thar ceann an Bhoird        Sínithe thar ceann an Bhoird

Príomh-Chathaoirleach        Oifigeach Feidhmiúcháin

## RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2022

| | Nótaí | 2022 | 2022 | 2021 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | 6 | | 206,135 | | 370,292 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 7 (a) | | 2,334,691 | | 1,854,588 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 7 (b) | | 9,193,598 | | 8,208,822 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | | 11,528,289 | | 10,063,410 |
| **Dliteanais Reatha: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Míreanna Iníoctha | 8 | | 5,582,406 | | 4,609,002 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 5,945,882 | | 5,454,408 |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | | | |
| Forálacha | 10 | | (1,115,002) | | (1,555,002) |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | 14 | | (26,837,000) | | (41,366,000) |
| Sócmhainn Maoinithe Sochair Scoir Iarchurtha | 14 | | 26,837,000 | | 41,366,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | 5,037,015 | | 4,269,698 |
| **Arna Mhaoiniú Ag:** | | | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 15 | | 1,652,336 | | 1,625,311 |
| Cúlchiste Caipitil | 15 | | 3,384,679 | | 2,644,388 |
| **Iomlán Arna Mhaoiniú ag:** | | | 5,037,015 | | 4,269,699 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 19.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Príomh-Chathaoirleach

Sínithe thar ceann an Bhoird

Oifigeach Feidhmiúcháin

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid le haghaidh na Bliana dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **1,127,026** | (3,266,687) |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas | | **191,886** | 318,833 |
| Ús faighte | 2 (c) | **0** | 41 |
| (Méadú) / Laghdú ar Infháltais | | **(480,103)** | 8,838 |
| Méadú / (Laghdú) ar Mhíreanna Iníoctha | | **973,405** | 687,899 |
| (Laghdú)/Méadú sa Soláthar le haghaidh Dliteanas | | **(440,000)** | 1,245,000 |
| **Airgead Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **1,372,213** | **(1,006,076)** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **(29,572)** | (35,317) |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | 6 | **1,843** | 0 |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 15 | **(359,709)** | (55,612) |
| Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | **(387,438)** | **(90,929)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | 2 (c) | **0** | (41) |
| Difríocht Shlánaithe | | **1** | 2 |
| **Glan-(Eis-sreabhadh) Airgid insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | **0** | **(41)** |
| **Glanmhéadú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | 984,775 | **(1,097,046)** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 1 Eanáir | | **8,208,822** | **9,305,868** |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | | **9,193,598** | **8,208,822** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

## Nóta 1: Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta suntasacha arna nglacadh ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta sonraithe thíos. Tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe.

## Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, arna leasú agus tá ceannoifig an Bhoird lonnaithe in An Teach Gráin, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna PIAB sonraithe i gCuid 3 d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, arna leasú.

Measúnú cuí a dhéanamh ar mhéid na teidlíochta cúitimh in éilimh díobhálacha pearsanta laistigh de théarmaí tagartha an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhonn tráthúil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é PIAB.

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ullmhaithe de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102) arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

## An Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, coinbhinsiún an chostais stairiúil, de réir an chleachtais cuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta agus tá siad san fhormáid atá comhaontaithe leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

## Gnóthas Leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh (féach Nóta 17).

## Ioncam

**Táillí éilitheora:**

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid i ndiaidh iarratas a fháil éileamh a chlárú le PIAB.

**Táillí Freagróra**

Aithnítear táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam, agus ina soláthraítear an tseirbhís. De réir rannóg 23 de FRS102, soláthar seirbhísí, Aithnítear ioncam táillí freagróra a mhéid is dócha go mbeidh tairbhe á baint ag PIAB as buntáistí geilleagracha agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Comhlíontar na critéir seo a leanas sula n-aithnítear ioncam:

**Soláthar seirbhísí:**
Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse ina soláthraítear na seirbhísí de réir chéim chríochnaithe an chonartha. Aithnítear Ioncam Táillí Freagróirí sa tréimhse ina dtuilltear an t-ioncam ina soláthraítear an tseirbhís, bunaithe ar an modh céime críochnaithe maidir le soláthar seirbhísí.

## Maoiniú Státchiste

Sainaithnítear Maoiniú Státchiste ar bhonn fabhruithe;

## Costais Réamhíoctha

Tabhaíonn PIAB costais roimh thoiliú a fháil agus ag deireadh na bliana déanann sé meastachán maidir le céatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú dá mbarr agus caitear leis na costais seo mar réamhíocaíochtaí.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a sholáthar de réir méid chothroim ag rátaí atá measta chun na sócmhainní a laghdú go dtí a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolré ionchais mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Feabhsuithe Léasachta | Blianta fágtha ar an léas | Líne Dírí |
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25.00% | Líne Dírí |
| Trealamh Oifige | 20.00% | Líne Dírí |
| Daingneáin & Feistis | 12.50% | Líne Dírí |
| Troscán Oifige | 12.50% | Líne Dírí |

## Cánachas

Tá PIAB díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 d'Acht um Chomhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús ar thaiscí. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach (e.g. DIRT) déantar an glanmhéid infhaighte a chur chun sochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta.

## Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

## Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d'aon mhéid den bhailiúchán a mheastar atá amhrasach.

## Sochair Fostaí

**Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

## Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bhainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna tuairiscithe le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh difríochtaí a bheith le tabhairt faoi deara ó na meastacháin sin. Ba ag na breithiúnais seo a leanas a bhí an éifeacht is suntasaí ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Bearnúcháin Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnúcháin bunaithe ar cibé imeachtaí nó athruithe ar imthosca a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an luach tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a bhfuil méid tugtha anonn na sócmhainne ag sárú a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide an costas díolacháin agus an luach úsáide.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag PIAB ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré geilleagrach úsáideach agus luachanna iarmharacha Crua-earraí/Bog-earraí TF, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

### Forálacha

Déanann PIAB forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol dó atá gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis thábhachtach eile, coigeartaithe le haghaidh treochtaí a tugadh faoi deara le déanaí más cuí. Is meastacháin iad, áfach, de chostais airgeadais teagmhas nach dtarlódh le haghaidh roinnt blianta b'fhéidir. Mar thoradh air seo agus an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an toradh a mheastar.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta costas cúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

i. an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán
ii. leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha mhargadh an tsaothair amach anseo
iii. rátaí treochta costas cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

### Sochair Scoir

### Nádúr na Scéimeanna

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag PIAB dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe an scéim fostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach Scoir do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) á reáchtáil ag PIAB, ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

### Saintréithe na Scéime

Tá roinnt saintréithe sonracha luaite leis na scéimeanna:
Scéim Eiseamláireach:

- Déanann PIAB ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
- Cuimsítear sa ranníocaíocht gné fostaí mar aon le gné fostóra.
- In 2022, bhí an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% den phá comhlán, 30% le haghaidh comhaltaí foirne atá ag íoc ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú na Roinne Airgeadais, go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, breithníonn PIAB go bhfuil an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) freagrach as an oibleagáid sochar scoir a íoc, ach tá gealltanas tugtha ag an Státchiste dóthain cistí a chur ar fáil do PIAB chun aon oibleagáidí dá leithéid a réiteach thar ceann PIAB nuair a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann PIAB ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus na bhfostóirí ag na rátaí sonraithe. Dá réir sin, glactar sna ráitis airgeadais go bhfuil Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair:
Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Chomh maith leis sin, tá ranníocaíocht fostóra iníoctha le DPER de réir Chiorclán DPER 28/2016.

Chun críocha tuairiscithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach i gcrích amhail ag an 31 Nollaig 2022.

## Dliteanais Scéime

Déantar dliteanais na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair a léiriú bunaithe ar luach reatha íocaíochtaí todhchaíocha tuillte ag Foireann PIAB a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Is fianaise iad costais phinsin ar shochair tuillte ag foireann PIAB sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, atá á gcoimeád ag an Roinn. Tá an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don tSócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha measta ag méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

## Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnamh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta san iarmhéid atá luaite leis an tSócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Cuimsítear i gcostais phinsin i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ranníocaíocht an fhostóra i ndáil leis an mbliain.

## Cúlchiste Caipitil

De réir fhorálacha Alt 74A(1) d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2019, d'údaraigh Aire na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go bhfuil an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) chun a leibhéal reatha cúlchistí a choimeád chun críocha caiteachais PIAB i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Chuige sin, bhunaigh PIAB cúlchiste caipitil mar atá sonraithe i nóta 15.

## 2(a) Ioncam Táillí

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Táillí Éilitheora | **1,004,398** | 1,172,675 |
| Ioncam Táillí Freagróirí | **9,865,197** | 7,814,708 |
| Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha | **(3,665,770)** | (3,120,535) |
| Ioncam Iarchurtha – Méid curtha le hioncam sa bhliain | **3,120,535** | 2,351,484 |
| | **10,324,360** | 8,218,332 |

### Ioncam Táillí Éilitheora

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid i ndiaidh iarratas a fháil éileamh a chlárú le PIAB. Ón 1 Meán Fómhair 2019 tháinig méadú ar an táille ar iarratas páipéir ó €45 go €90 in aghaidh an iarratais de réir S.I. Uimh. 363/2019 – Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2019. Is é €45 an táille atá luaite le hiarratas a dhéanamh i bhfoirm leictreonach.

### Ioncam Táillí Freagróirí

Tá táille freagróra infheidhme nuair a thoilíonn freagróir (árachóirí nó daoine féin-árachaithe den chuid is mó) do mheasúnú á dhéanamh ag PIAB (mar atá mínithe in Acht PIAB). Tá 3 mhí ag freagróir idir fógra foirmiúil a fháil agus toiliú do mheasúnú, agus déantar toiliú a réamhshocrú ina dhiaidh sin mura dtreoraíonn freagróir do PIAB nach mian leis/léi an t-éileamh a mheas. Aithnítear ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam, agus ina soláthraítear an tseirbhís. Tháinig méadú ar an táille ó €600 go €1,050 ón 11 Aibreán 2022 de réir S.I. Uimh. 124/2022 – Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2022.

### Ioncam Iarchurtha

Íoctar ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas measúnaithe. Déantar ioncam táillí freagróra a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís de réir mar a théann sé ar aghaidh trí phróiseas PIAB. Caitear le táillí freagróra íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad.

## 2(b) Maoiniú Státchiste

Chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maoiniú Státchiste dar luach €2,021,004 ar fáil don BMDP. Bhí an maoiniú seo ann chun éifeachtaí ar laghdú méideanna agus paindéim Covid-19 a mhaolú.

## 2(c) Costais a bhaineann le hÉilimh Aisíoctha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais a bhaineann le héileamh Aisíoctha/atá le haisíoc | **6,703,942** | 5,797,353 |
| | **6,703,942** | 5,797,353 |

Mar atá leagtha amach i nóta 5, mar chuid de phróiseas PIAB, coinníonn sé seirbhísí raoin de chleachtóirí gairmiúla, cleachtóirí leighis go príomha. Is féidir leis an bhFreagróir na costais a thabhaítear i ndáil leis na seirbhísí seo a aisíoc leis an BMDP, féach nóta 7(a).

## 2(d) Ioncam Eile

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ilghnéitheach | 5,809 | 86,558 |
| Ús Infhaighte | 0 | (41) |
| | **5,809** | 86,517 |

## 3 Tuarastail, Pinsin & Speansais Ghaolmhara

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail Fhoireann PIAB | 4,749,861 | 4,666,481 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra | 1,104,193 | 1,095,156 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | 465,470 | 452,717 |
| | 6,319,524 | 6,214,354 |

* Tá €220,976 de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) asbhainte agus íoctha leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2022, tá €211,126 d'Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD) asbhainte agus íoctha in 2021.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Líon Comhaltaí Foirne** | | |
| Meánlíon Foirne fostaithe go díreach ag PIAB | 75 | 78 |
| **Díolaíochtaí an Phríomhfheidhmeannaigh** | € | € |
| Rosalind Carroll | **161,616** | 147,534 |
| | **161,616** | 147,534 |

Is comhalta den Scéim Eiseamláireach Pinsin Seirbhíse Poiblí í (féach ar Nóta 14) í an Príomhfheidhmeannach, Rosalind Carroll, agus tá a teidlíochtaí pinsin de réir théarmaí na scéime.

Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh thuas.

### Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear i measc phríomhphearsanra bainistíochta an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin - an Príomhoifigeach Oibríochtaí, an Stiúrthóir um Sheirbhísí Tacaíochta Gnó, an Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha agus an Stiúrthóir Airgeadais. Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta sonraithe thíos:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An tuarastal comhiomlán iomlán & sochair ghearrthéarmacha | 593,867 | 617,355 |

Tá teidlíochtaí pinsin na bpríomhphearsanra bainistíochta de réir théarmaí na Scéime Eiseamláirí Pinsin Seirbhíse Poiblí (féach ar Nóta 14). Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh thuas.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaí sa bhreis ar €60,000 á gcatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|
| Raon Tuarastail | **2022** | **2021** |
| **Ó – Go €** | | |
| 60,000–69,999 | **8** | 4 |
| 70,000–79,999 | **1** | 4 |
| 80,000–89,999 | **12** | 12 |
| 90,000–99,999 | **8** | 6 |
| 100,000–109,999 | **0** | 1 |
| 110,000–119,999 | **4** | 3 |
| 120,000– 129,999 | **1** | 2 |
| 130,000–139,999 | **0** | 0 |
| 140,000–149,999 | **0** | 1 |
| 150,000 | **1** | 0 |
| Iomlán | 35 | 33 |

Nóta: Tabhair faoi deara: Chun críocha an fhaisnéisithe seo, cuimsítear sna sochair fostaí gearrthéarmacha a bhaineann le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht Pinsin Fostóra | **€** | **€** |
| Scéim Eiseamláireach | **998,410** | 1,007,458 |
| Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **105,783** | 87,697 |
| | 1,104,193 | 1,095,156 |

## 4 Táillí agus Costais Boird

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Boird | 57,542 | 64,410 |
| **De réir an Chomhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | **20,520** | 20,520 |
| Nuala Jackson | **11,970** | 11,970 |
| Aengus Cummins | **11,970** | 11,970 |
| Karen Furlong | **11,970** | 11,970 |
| Conor Faughnan | **1,112** | 0 |
| Walter Cullen | **0** | 3,990 |
| Margot Slattery | **0** | 3,990 |
| | **57,542** | 64,410 |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2022: An Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne, Cathal Lafferty, John Shine, Marion O'Brien, Jonathan Small agus Rosalind Carrol mar gur cuireadh an prionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' i bhfeidhm. Níor íocadh aon chostais a bhain leis an mBord i rith na bliana.

## Caiteachas

## 5 Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | **1,355,137** | 1,428,291 |
| | **1,355,137** | 1,428,291 |

| **Costais a bhaineann le héilimh** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Leighis a bhaineann le héileamh | **6,573,952** | 5,742,371 |
| Costais Eile a bhaineann le héileamh | **175,678** | 128,777 |
| Costais Próiseála Éileamh Réamhíoctha sa bhliain reatha | **(138,315)** | (96,640) |
| Costais Próiseála Éileamh Réamhíoctha – curtha ar fáil sa bhliain | **96,640** | 168,384 |
| | **6,707,954** | 5,942,892 |

Mar chuid de phróiseas PIAB coimeádann sé seirbhísí raon cleachtóirí gairmiúla, cleachtóirí leighis go príomha. Is féidir leis an bhFreagróir na costais a bhaineann leis na seirbhísí seo a aisíoc leis an BMDP.

Tugtar éagsúlacht faoi deara sna costais a bhaineann le héileamh leighis a phróiseáil de réir an éilimh. Bunaithe ar mheánmhéid ama an phróisis tabhófar costais próiseála éileamh in 2023 a bhaineann le toilithe faighte in 2022, agus ní sholáthraítear na costais seo sna ráitis airgeadais.

Áirítear i gcostais próiseála éileamh tabhaithe cuid de na costais réamhthoilithe a réamhíoctar in 2023. Fuasclaítear an réamhíocaíocht nuair a fhaightear táille an fhreagróra.

## Costais a Bhaineann le hÉilimh Aisíoctha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais a bhaineann le hÉileamh Aisíoctha/ le haisíoc | **(6,703,942)** | (5,797,353) |
| | **(6,703,942)** | (5,797,353) |

Mar chuid de phróiseas an BMDP coinníonn sé seirbhísí raon de chleachtóirí gairmiúla go príomha liachleachtóirí. Tá na costais a thabhaítear maidir leis na seirbhísí seo inaisíoctha leis an BMDP ag an Freagróir.

| Costais Chóiríochta & Tógála | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | 293,064 | 278,953 |
| Glanadh & Slándáil | 44,568 | 41,428 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | 72,616 | 38,601 |
| | 410,249 | 358,982 |

## 5 Caiteachas (ar lean)

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| **Earcaíocht, Oiliúint agus Costais Acmhainní Daonna Eile** | € | € |
| Costais Oiliúna, Oideachais agus costais eile | 45,655 | 49,189 |
| Comhairleacht Pinsin AD | 12,072 | 14,156 |
| Costais Fógraíochta, Agallamh agus costais earcaíochta eile | 59,785 | 1,263 |
| | 117,512 | 64,608 |
| **Costais Faisnéise, Taighde & Cumarsáide** | € | € |
| Feasacht Phoiblí | 284,149 | 235,112 |
| Comhairleacht Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide | 76,341 | 50,681 |
| Costais Leasuithe Cláir | 27,941 | 0 |
| Taighde agus Anailís Sonraí | 48,990 | 0 |
| Foilseacháin | 18,157 | 19,781 |
| Fógraíocht – Eile | 24,050 | 28,921 |
| | 479,628 | 334,496 |
| **Costais Iniúchta & Ghairmiúla, Dlíthiúla & Chomhairleachta** | € | € |
| Táillí Gairmiúla | 116,882 | 83,720 |
| Tacaíocht Soláthair | 399 | 27,164 |
| Iniúchadh Inmheánach | 35,301 | 32,023 |
| Iniúchadh Seachtrach | 17,000 | 17,000 |
| Comhairleacht Airgeadais | 3,196 | 4,405 |
| | 172,778 | 164,312 |
| **Costais Chomhairleachta** | € | € |
| Comhairleacht TF | 57,789 | 5,720 |
| Comhairleacht AD | 8,657 | 28,782 |
| Comhairleacht Eile | 0 | 17,835 |
| | 66,445 | 52,337 |
| **Iomlán** | 239,223 | 216,649 |

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bhainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| **Táillí Dlí** | € | € |
|---|---|---|
| Costais agus comhairle Dlí | 1,202,074 | 169,636 |
| Soláthar Dlí (Nóta 11) | (440,000) | 1,245,000 |
| | 762,074 | 1,414,636 |
| **Costais TF & Teileachumarsáide** | € | € |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | 295,861 | 233,911 |
| Táillí Ceadúnais TF | 425,515 | 221,274 |
| Costais Óstála | 88,256 | 86,273 |
| Costais Teileachumarsáide | 52,271 | 61,718 |
| Seirbhís Phriontála Bainistithe | 6,681 | 4,310 |
| Slándáil TF | 12,915 | 56,249 |
| Trealamh TF – Foireann ag Obair ó Chian | 0 | 22,249 |
| Costais Eile TF | 11,155 | 4,394 |
| | 892,654 | 690,375 |

## 5 Caiteachas (ar lean)

| Costais Riaracháin Ghinearálta | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Postas | **125,374** | 130,798 |
| Árachas | **58,396** | 49,693 |
| Ús & Táillí Bainc | **14,266** | 17,971 |
| Díscríobhanna Táillí a bhaineann le hÉilimh | **27,451** | 37,137 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **8,002** | 5,130 |
| Ús Íoc Pras | **5,887** | 22,908 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Foireann | **7,840** | 6,105 |
| Taisteal & Cothú Foirne – Náisiúnta | **3,413** | 230 |
| Taisteal & Cothú Foirne- Idirnáisiúnta | **613** | 0 |
| Costais Ilearraí | **5,478** | 1,538 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | **1,807** | 0 |
| Díscríobhanna Táillí Freagróra | **33,000** | 26,400 |
| Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasacha | **103,180** | 22,453 |
| | **394,706** | 320,364 |

## 6 Sócmhainní Seasta

| | Léasacht Feabhsuithe | Crua-earraí TF Bogearraí | Oifig Trealamh | Oifig Troscán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | € | € | € | € | € |
| Amhail ar an 1 Eanáir | 634,221 | 1,338,653 | 49,084 | 63,052 | 2,085,010 |
| Breiseanna | 0 | 28,483 | 1,089 | 0 | 29,572 |
| Diúscairtí | 0 | (70,468) | 0 | 0 | (70,468) |
| Amhail ar an 31 Nollaig | 634,221 | 1,296,668 | 50,173 | 63,052 | 2,044,113 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir | 443,955 | 1,188,902 | 45,056 | 36,841 | 1,714,754 |
| Muirear | 95,133 | 86,020 | 3,099 | 7,635 | 191,886 |
| Diúscairtí | 0 | (68,662) | 0 | 0 | (68,662) |
| Amhail ar an 31 Nollaig | 539,088 | 1,206,260 | 48,154 | 44,476 | 1,837,978 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2022** | **95,132** | **90,408** | **2,018** | **18,576** | **206,135** |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2021 | 190,265 | 149,787 | 4,028 | 26,211 | 370,256 |

## 7(a) Infháltais

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Táillí Infhaighte: | Táillí Freagróra | **1,335,300** | 852,600 |
| | Táillí a bhaineann le hÉileamh | **868,134** | 778,061 |
| Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasacha | | **(253,792)** | (150,612) |
| Réamhíocaíochtaí | | **382,255** | 326,807 |
| Féichiúnaithe Eile | | **2,795** | 47,733 |
| | | **2,334,691** | 1,854,588 |

## 7(b) Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **2,148,594** | 663,793 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | **7,045,004** | 7,545,029 |
| | **9,193,598** | 8,208,822 |

## 8 Míreanna Iníoctha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | € | € |
| Míreanna Iníoctha | **239,848** | 191,924 |
| Fabhruithe | **1,051,414** | 736,053 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | **264,480** | 210,377 |
| Dliteanas Pinsin * | **122,191** | 118,857 |
| Creidiúnaithe Eile | **119,592** | 111,651 |
| Tairseach na nAturnaetha - Íocaíochtaí sa Chuntas | **119,111** | 119,604 |
| Ioncam Iarchurtha (Nóta 9) | **3,665,770** | 3,120,535 |
| | **5,582,407** | 4,609,002 |

* Ranníocaíochtaí Pinsean Fostóra agus Fostaí agus ASC

## 9 Ioncam Iarchurtha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | | |
| | **3,120,535** | 2,351,484 |
| Ioncam Iarchurtha curtha ar fáil sa bhliain (Nóta 2) | **3,665,770** | 3,120,53 |
| Méid fuascailte le haghaidh ioncaim sa bhliain | **(3,120,535)** | (2,351,484) |
| Iarmhéid Deiridh | **3,665,770** | 3,120,535 |

Íoctar ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas measúnaithe. Déantar ioncam táillí freagróra a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís de réir mar a théann sé ar aghaidh trí phróiseas PIAB. Caitear le táillí freagróra íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad.

## 10 Forálacha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | **1,555,002** | 310,002 |
| Foráil Bhreise (Nóta 5) | **232,500** | 1,840,000 |
| Úsáidte sa Bhliain | **0** | 0 |
| Laghdú ar Fhoráil (Nóta 5) | **(672,500)** | (595,000) |
| Iarmhéid Deiridh | **1,115,002** | 1,555,002 |

Is éard atá i gceist i bhforálacha meastachán stuama maidir le dliteanais a d'fhéadfadh a bheith le n-íoc ag tríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí fógartha do PIAB roimh dheireadh na bliana. Tá baint ag PIAB le hagóidí dlíthiúla éagsúla faoi ailt den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 agus i ndáil leis na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a tugadh isteach le deireanas atá éifeachtach ón 24 Aibreán 2021. I ndiaidh an dáta seo fuarthas roinnt Athbhreithnithe Breithiúnacha i ndáil leis na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta.

Tá na forálacha seo bunaithe ar mheasúnú ar na costais dhóchúla a bhaineann le caingne/éilimh aitheanta a chosaint, a mhéid agus is féidir a leithéid sin de chostais a mheas go hiontaofa Déantar na forálacha a athbhreithniú gach mí, agus de réir mar a bhíonn níos mó faisnéise ar fáil, agus ina dhiaidh sin próiseáiltear aon laghdú nó méadú riachtanach sa soláthar. Tá PIAB sásta go bhfuil an meastachán is fearr agus is féidir déanta aige le haghaidh soláthar cuí sna ráitis airgeadais don toradh a bhfuil súil leis.

## 11 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar atá sonraithe i Nóta 10 PIAB, ó am go ham, bíonn PIAB páirteach i gcaingne dlí éagsúla. Déanann PIAB foráil iomlán le haghaidh costas dlí ionchais a bhaineann leis na cásanna atá fógartha dó (Nóta 10). Tá seans ann go ndéanfar roinnt cásanna breise a fhógairt do PIAB amach anseo a bhaineann le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2022. Ní féidir an éifeacht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid sin d'éilimh a mheas.

## 12 Gealltanais Airgeadais

### Léasanna oibriúcháin

Tá úsáid á baint as PIAB as dhá urlár in An Teach Gráin, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh léasaithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus cosnaíonn an léas €188,554 sa bhliain agus tá téarma léasa fiche bliain bunaithe ar cuireadh tús leis in Aibreán 2004.

Ag an 31 Nollaig 2022 bhí na híosíocaíochtaí léasa todhchaíocha seo a leanas á ndéanamh ag PIAB faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **188,554** | 188,554 |
| Iníoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | **47,138** | 235,692 |
| Iníoctha i ndiaidh cúig bliana | **0** | 0 |
| | **235,692** | 424,246 |

Ba ionann na híocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansas agus €188,554 (2021: €188,555) Rachaidh an léasa reatha in éag in 2024. Beimid ag féachaint lenár léas a athnuachan nó cóiríocht eile a lorg.

## 13 Gealltanais Chaipitil

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Conradh le haghaidh (Conradh Sínithe) | **2,624,954** | 156,600 |
| | **2,624,954** | 156,600 |

I ndiaidh próiseas iomaíoch soláthair, tá conarthaí déanta ag an BMDP le roinnt soláthróirí chun Córas Bainistíochta Éileamh agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar.

## 14 Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Sochair Scoir

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag PIAB dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe an scéim fostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach Scoir do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair").

Tá roinnt gnéithe sonracha ag gabháil leis an tsamhailscéim (féach nóta 1 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta) Luacháil Achtúireach

### Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh PIAB luacháil achtúireach ar dhliteanais fabhraithe ag an dáta tuairiscithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) fabhraithe i rith na bliana. Tá an luacháil seo, a bhí bunaithe ar Mhodh Chreidiúint Réamh-mheasta an aonaid, bunaithe ar na foshuíomhanna seo a leanas:

| **Ráta Bliantúil Gafa** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 4.20% | 1.70% |
| Toimhde boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) | 2.60% | 2.20% |
| Méaduithe tuarastail | 3.85% | 3.45% |
| Méaduithe ar an bpinsean stáit | 3.10% | 2.70% |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Eiseamláireach | 3.35% | 2.95% |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Aonair | 2.60% | 2.20% |

Lena chois sin, tá na foshuíomhanna déimeagrafacha seo a leanas déanta amhail ag an 31 Nollaig 2022.

| **Ionchas saoil ag 65 bliain d'aois** | | |
|---|---|---|
| Fear atá 45 bliain d'aois faoi láthair | 25.4 bliain | 25.3 bliain |
| Fear atá 65 bliain d'aois faoi láthair | 23.0 bliain | 22.9 bliain |
| Bean atá 45 bliain d'aois faoi láthair | 26.3 bliain | 26.2 bliain |
| Bean atá 65 bliain d'aois faoi láthair | 24.4 bliain | 24.3 bliain |

Bunaithe ar an méid thuas, is é luach reatha na ndliteanas ar an dáta tuairiscithe ná €26,837,000 [2021: €41,366,000], agus is é an costas seirbhíse (arna ríomh ar na boinn tuisceana thuas) don bhliain ná €2,062,000 [2021: €1,956,000].

## 14 Déileáil Cuntasaíochta le haghaidh Sochar Scoir (nóta ar lean)

**Anailís ar chostais phinsin iomlán gearrtha ar chaiteachas**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ranníocaíocht iomlán fostóra** | 1,104,193 | 1,095,156 |
| Costas reatha ar sheirbhísí | 2,062,000 | 1,956,000 |
| Costas ar ús | 699,000 | 431,000 |
| Costas ar sheirbhísí roimhe seo | 0 | 0 |
| Coigeartú ar Chistiú Pinsin Státchiste Iarchurtha | (2,761,000) | (2,387,000) |
| Iomlán gearrtha ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 1,104,193 | 1,095,156 |

* Áirítear sa Chostas Reatha ar Sheirbhísí ranníocaíochtaí fostaithe ar fiú €232,287 in 2022 agus €262,238 in 2021.

**Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas Pinsin ar 1 Eanáir | 41,366,000 | 37,741,000 |
| Costas Reatha ar Sheirbhísí | 2,062,000 | 1,956,000 |
| Costas ar ús | 699,000 | 431,000 |
| Costas ar sheirbhísí roimhe seo | 0 | 0 |
| Caillteannais / (gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | 1,185,000 | 154,000 |
| Athrú ar Fhoshuíomhanna | (17,970,000) | 1,378,000 |
| Sochair íoctha i rith na bliana | (505,000) | (294,000) |
| Glandliteanas Pinsin ar 31 Nollaig | 26,837,000 | 41,366,000 |

**Stair dhliteanais scéime agus (ghnóthachain) / caillteanais ó thaithí**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhunús leis an gcás reatha luach dhliteanais na scéime pinsin | (17,970,000) | 1,378,000 |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | 67.0% | (3.3%) |
| Caillteanais / (gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | 1,185,000 | 154,000 |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | (4.4%) | (0.4%) |
| **Dliteanas Scéime** | 26,837,000 | 41,366,000 |

## 15 Cúlchistí

| | Ioncam Coinnithe Cúlchistí | Caipiteal Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 1,625,312 | 2,644,388 | **4,269,700** |
| Barrachas don bhliain | 1,127,025 | 0 | **1,127,025** |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Caipitil | (1,100,000) | 1,100,000 | **0** |
| Úsáid Cúlchiste Caipitil * | 0 | (359,709) | **(359,709)** |
| Iarmhéid Deiridh | **1,652,337** | **3,384,679** | **5,037,016** |

**Aistriú an Chúlchiste Caiptil**

| | |
|---|---|
| Bainisteoir Tionscadail | 187,083 |
| Anailísí Gnó | 108,021 |
| Tacaíocht Dlí | 37,519 |
| Tacaíocht Soláthair | 25,905 |
| Costais Eile | 1,181 |
| | **359,709** |

## 16 Nochtadh Páirtithe Ábhartha

Déan tagairt do Nóta 3 le haghaidh achoimre ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. De réir an Chóid Chleachtais Leasaithe 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Cóid Chleachtais i bhfeidhm ag an mBord do Chomhlachtaí Boird agus d'fhostaithe. Áirítear sna cóid seo treoir maidir le leas a nochtadh agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo sa bhliain atá i gceist leis na ráitis airgeadais seo.

## 17 Gnóthas Leantach

Thuairiscigh an BMDP barrachas dar luach €1,127,025 in 2022 agus mar thoradh air sin bhí cúlchistí oibriúcháin carnacha dar luach €2,752,336 ann sular aistríodh €1,100,000 chuig cúlchistí caipitil. I ndiaidh aistriú chuig cúlchistí caipitil, is iad na cúlchistí oibriúcháin ag deireadh na bliana ná €1,652,336 le cúlchistí caipitil dar luach €3,384,679. Tá an cúlchiste Caipitil ann chun tionscadal claochlaithe Digiteach an BMDP a mhaoiniú (athsholáthar na gcóras bainistíochta éileamh agus na seirbhísí gaolmhara, féach nóta 13).

Fuair an BMDP tuairim is 18,000 iarratas ar éileamh nua in 2022. Tá laghdú tagtha ar an bhfigiúr seo le blianta beaga anuas, rud a laghdaíonn an t-ioncam. Chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maoiniú dar luach €2,021,004 ar fáil don BMDP le linn 2022. Comhaontaíodh méadú táille freagróra ó €600 go €1,050 agus cuireadh i bhfeidhm é le linn na bliana le héifeacht ó 11 Aibreán 2022.

Tá lucht bainistíochta an BMDP den tuairim go dtacóidh a chúlchistí oibriúcháin reatha, a iarmhéideanna airgid, agus a bharrachas réamh-mheasta in 2023 leis an BMDP leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach thar an tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2023 go Márta 2024.

## 18 Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh athrangú ar roinnt suimeanna don bhliain roimhe seo ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha. Ní raibh tionchar ar bith ag an athrangú sin ar na torthaí a tuairiscíodh.

## 19 Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais

Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries
Assessment Board*

Grain House, Cearnóg Belgard
Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath
24, D24 PXW0

**Uimhir teileafóin:**
Poblacht na hÉireann 0818 829 121
Tuaisceart Éireann/RA 0870 876 8121

**Ríomhphost:**enquiries@
piab.ie
**www.piab.ie**